

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS — RÁITIS AIRGEADAIS — 2016



Clár na nÁbhar

| | |
|---|----|
| Príomhphointí Airgeadais 2016 | 2 |
| Príomhtháscairí Feidhmíochta Airgeadais | 4 |
| Stiúrthóirí agus Eolas Eile | 5 |
| Ráiteas ón gCathaoirleach | 14 |
| Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach | 22 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 28 |
| Tuarascáil na nIúcháirí Neamhspleácha | 33 |
| Beartais Chuntasaíochta | 35 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 40 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 41 |
| Clár Comhardaithe | 42 |
| Ráiteas ar athruithe iomlán na ghnáthscaireanna | 43 |
| Ráiteas ar shreabhadh airgid | 44 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 45 |
| Staitisticí Calafoirt (nach bhfuil iniúchta) | 66 |
| Cuntais Tarraingthe (nach bhfuil iniúchta) | 67 |



AN — LÁRIONAD POIRT — A — CHUR IN — OIRIÚINT DON — CHATHAIR

Cuireadh tús leis an obair tógála chun limistéar an Lárionaid Phoirt a chur in oiriúint don Chathair, agus éascóidh seo comhtháthú méadaithe idir an Port agus an Chathair, rud a ndearnadh tiomantas dó i Máistirphlean an Chomlachta. Aithnítear sa tionscadal seo féidearthachtaí an Lárionaid Phoirt mar ríocht phoiblí agus mar thaitneamhacht a chruthófar trí leagan amach ardchaighdeáin ailtireachta agus tírdhreacha.

PORT

Príomhphointí Airgeadais 2016

Láimhdeachas (€m)

| | | |
|------|--|------|
| 2016 | | 81.6 |
| 2015 | | 77.7 |
| 2014 | | 72.1 |
| 2013 | | 68.4 |
| 2012 | | 65.3 |

▲ 5.1%

Brabús oibriúcháin (€m)

| | | |
|------|--|------|
| 2016 | | 45.6 |
| 2015 | | 42.9 |
| 2014 | | 36.1 |
| 2013 | | 32.8 |
| 2012 | | 29.1 |

▲ 6.1%

Brabús i ndiaidh cánach (€m)

| | | |
|------|--|------|
| 2016 | | 39.0 |
| 2015 | | 36.4 |
| 2014 | | 30.6 |
| 2013 | | 26.0 |
| 2012 | | 22.8 |

▲ 7.3%

Caiteachas caipitil (€m)

| | | |
|------|--|------|
| 2016 | | 44.2 |
| 2015 | | 17.0 |
| 2014 | | 9.4 |
| 2013 | | 13.5 |
| 2012 | | 16.3 |

▲ 260.6%

Iomlán an Chothromais (€m)

| | | |
|------|--|-------|
| 2016 | | 349.6 |
| 2015 | | 328.5 |
| 2014 | | 284.0 |
| 2013 | | 269.1 |
| 2012 | | 265.7 |

▲ 6.4%

Díbhinní (€m)

| | | |
|------|--|------|
| 2016 | | 10.9 |
| 2015 | | 8.8 |
| 2014 | | 8.0 |
| 2013 | | 15.0 |
| 2012 | | 10.2 |

▲ 24.0%

EBITDA (€m)

| | | |
|------|--|------|
| 2016 | | 53.6 |
| 2015 | | 49.3 |
| 2014 | | 43.2 |
| 2013 | | 41.5 |
| 2012 | | 39.6 |

▲ 8.8%

**ARDÚ 6.3% AR
MHÉIDEANNA TRÁDÁLA
IN 2016**

2015: ardú 6.4%

**BA É 34.9 MILLIÚN TONA
AN TRÉCHUR IOMLÁN**

2015: 32.8 milliún tona

**CHUAIGH 944,531 AONAD
RÓRÓ TRÍ CHRÍOCHFOIRT
FARANTÓIREACHTA
AN PHOIRT**

2015: 877,826 feithicil

**RINNEADH 663,732
AONAD COIBHÉISE
FICHE TROIGH (TEU) A
LÁIMHSEÁIL SNA TRÍ
CHRÍOCHFORT COIMEÁDÁN
DE CHUID AN PHOIRT**

2015: 614,226 TEU

**THAISTIL 1,814,089
PAISINÉIR TRÍD
AN BPORT**

2015: 1,797,691

**THUG 159,124 PAISINÉIR
AGUS BALL CRIÚ Ó 109
LONG CHRÚSÁLA CUAIRT
AR AN BPORT**

2015: 148,891

Príomhtháscairí Feidhmíochta Airgeadais

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|--|---------------|---------------|
| Ioncam | 81,633 | 77,674 |
| Brabús Oibriúcháin | 45,554 | 42,941 |
| Corrlach Oibriúcháin (%) | 55.8% | 55.3% |
| TRÚCDA | 53,642 | 49,306 |
| TRÚC | 45,554 | 42,941 |
| Glanmhuirir Úis | 847 | 833 |
| Clúdach úis | | |
| - bonn TRÚCDA (ó thaobh ama de) | 63.3 | 59.2 |
| - bonn TRÚC (ó thaobh ama de) | 53.8 | 51.5 |
| Glanairgead Tirim/ (Fiachas) | 2,986 | 35,074 |
| Glanairgead Tirim/ (Fiachas) mar chéatadán d'iomlán an chothromais (%) | 0.9% | 10.7% |
| Glanairgead Tirim/ (Fiachas) mar chéatadán de na sócmhainní seasta (%) | 0.9% | 11.9% |
| Toradh ar Chaipiteal a Úsáidtear (TACÚ) (%) | 13.9% | 14.4% |

TRÚC - tuilleamh roimh ús agus cáin

TRÚCDA - tuilleamh roimh chostais úis, cáin, dímhéas, amúchadh, míreanna eisceachtúla agus costais iomarcaíochta neamh-eisceachtúla

Clúdach úis - an cóimheas idir EBITDA nó EBIT agus glanmhuirir úis

TACÚ - an cóimheas idir an brabús oibriúcháin agus an meánmhéid caipitil atá in úsáid

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|--|---------------|---------------|
| TRÚC | 45,554 | 42,941 |
| Dímhéas | 9,082 | 7,654 |
| Amúchadh | (475) | (489) |
| Athluacháil mhaoin infheistíochta | (350) | (800) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta | (169) | - |
| TRÚCDA | 53,642 | 49,306 |

Stiúrthóirí agus Eolas Eile

Lucy McCaffrey
Cathaoirleach



Ina saol oibre tríocha bliain, d'oibrigh Lucy McCaffrey mar chomhairleoir gnó le heagraíochtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideach in Éirinn agus le príomhchuideachtaí ilnáisiúnta san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus san Aifric. In 1992, tar éis di roinnt blianta a chaitheamh leis an gcomhairleacht nuálaíochta Synectics Inc. atá lonnaithe i mBostún, bhunaigh sí Latitude, comhairleacht a bhfuil speisialtóireacht aici in athrú straitéiseach eagrúcháin. Chuimsigh tascanna Latitude san earnáil phríobháideach na hearnálacha seirbhíse airgeadais, déantúsaíochta, próifisiúnta agus seirbhíse. Leis an obair atá déanta aici san earnáil

phoiblí, áirítear éascú clár athraithe suntasach laistigh de réimse leathan eagraíochtaí agus tionscnamh, a raibh d'aidhm acu comhoibriú idir eagraíochtaí a chur chun cinn.

Cheap an tAire Iompair Lucy mar Chathaoirleach ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath don chéad uair in 2009 agus athcheapadh í in 2014. Tá sí ina Stiúrthóir ar Údarás Forbartha Dughailte Bhaile Átha Cliath, ba Stiúrthóir de Chathaoirleach ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath í idir 1997 agus 2002, agus ba bhall í de Bhord an Project Arts Centre ar feadh téarma cúig bliana (1988-1993).

Eamonn O'Reilly
Príomhfheidhmeannach



Ceapadh Eamonn O'Reilly mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath i Lúnasa 2010, tar éis dó a bheith ina Phríomhfheidhmeannach ar Portroe Stevedores, gnóthas láimhseála lastais atá lonnaithe i bPort Bhaile Átha Cliath, ó 2005 ar aghaidh. Ag an am céanna, bhí Eamonn ina bhainisteoir forbartha grúpa freisin le máthairchuideachta Portroe, Doyle Shipping Group.

Roimh dó a bheith le Doyle Shipping Group, ba Bhainisteoir Tionscadail Eamonn le Securicor Ireland agus d'oibrigh sé freisin mar shainchomhairleoir bainistíochta le KPMG. Ba Phríomhfheidhmeannach Marine Terminals Limited é idir 1992 agus 1996.

Is innealtóir cairte é Eamonn a bhain céim amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus tá Máistreacht sa Riarachán Gnó aige ó Choláiste na Tríonóide. Is ball é Eamonn de Engineers Ireland.

Paul Bates
Stiúrthóir



Cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Paul chuig an mBord i Meán Fómhair 2013. Ina shaol oibre 44 bliana sa Státseirbhís, d'oibrigh Paul i réimse leathan Ranna Rialtais, lena n-áirítear 18 mbliain leis an gcúram Turasóireachta agus 4 bhliain mar Chomhairleoir Tráchtála ag an mBunionsamh Éireannach don AE sa Bhruiséil. Roimh dhul ar scor i Márta 2013, bhí Paul ina Ard-Rúnaí Cúnta agus ina Cheannasaí ar an Rannóg Turasóireachta sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Rinne Paul staidéar ar an eacnamaíocht sa Choláiste Ollscoile BÁC agus bhain sé an Clár Dúshlán Ceannaireachta do Rúnath Cúnta amach ó Ollscoil Harvard.

Cheap an Rialtas é mar bhall de Bhord Scannán na hÉireann, mar Stiúrthóir ar Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne agus mar Stiúrthóir ar an Tionscnamh um Mhargáíocht Turasóireachta Thar Lear Teoranta.

Cuimsíonn taithí Paul forbairt agus anailís beartais straitéisigh, dearadh clár agus clár bhainistíochta, athstruchtúrú a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí Stáit, rialachas comhlachtaí stáit agus dréachtú reachtaíochta.

Stiúrthóirí agus Eolas Eile

(ar lean)

Geoffrey Darling

Stiúrthóir



Cheap an tAire Iompair, Turasoireachta agus Spóirt Geoff chuig an mBord in Iúil 2014. Is comhairleoir loingseoireachta agus infheisteoir i longa é, a bhfuil breis agus 40 bliain de thaithí aige sa tionscal loingseoireachta, ar muir agus istir.

Tá Geoff ina chomhairleoir agus mar dhuine de bhunaitheoirí grúpa infheistíochta, atá i seilbh phríobháideach, de chuid an tionscail loingseoireachta. Déanann an Chuideachta comhinfeistíocht i longa nó tógann sé longa i ndeighleoga éagsúla den mhargadh loingseoireachta.

Mar chomhairleoir, cuireann sé comhairle ar chliant éagsúla faoi ghnéithe tráchtála agus oibriúcháin a bhaineann leis an tionscal loingseoireachta.

Roimhe seo (1992 go 2005), ba scairshealbhoir bunaidh/stiúrthóir é Geoff de chuideachta neamhspleách a bhí gafa le cairtffhostú agus oibríochta soitheach cuisnithe, agus a d'fhreastail ar chliant éagsúla arbh úinéirí nó infheisteoirí

loinge iad. D'fhás an chuideachta go raibh sí ina Príomhoibrítheoir Soitheach Cuisnithe Speisialaithe agus ina Bhainisteoir Comhthiomsaithe. Ina phost mar Phríomhoifigeach agus Stiúrthóir Oibríochtaí, bhí baint aige le gach gné de ghníomhaíochtaí na Cuideachta. Tá go leor taithí aige ar bheith ag obair le poirt ar fud an domhain mar chustaiméir.

Áirítear leis an taithí áta aige istir (1989 go 1992) tréimhsí mar Bhainisteoir Oibríochtaí d'úinéir loinge, agus post mar Phleanálaí Coimeádán (1985) le haghaidh cuibhreannas cuideachtaí loingseoireachta.

Is Máistir-Mhairnéalach cáilithe Aicme 1 é a bhfuil taithí 15 bliana ar an bhfarraige aige (1972 go 1989), i gcéimeanna ó Dhalta go Captaen, ar chineálacha éagsúla loinge agus iad i mbun trádála ar fud an domhain.

Roimh dhul ar muir dó, d'oibrigh Geoff do Bhanc na hÉireann.

Emer Finnan

Stiúrthóir



Cheap an tAire Iompair Emer Finnan chuig Bord Chomhlacht Chalafort Átha Cliath i bhFeabhra 2011. Is gairmí airgeadais í Emer a bhfuil 20 bliain taithí aici, agus tá sí ina Comhpháirtí agus ina Stiúrthóir Bainistíochta Sinsearach le Kildare Partners (ciste cothromais príobháideach) ó Mheán Fómhair 2013. Roimh dó an post seo a ghlacadh, ba chinnire ghrúpa institiúidí airgeadais NCB í Emer ó Mheán Fómhair 2012 go Meán Fómhair 2013. Ó Eanáir go Meán Fómhair 2012 d'oibrigh Emer mar chomhairleoir neamhspleách. Bhí Emer ina Stiúrthóir Airgeadais leis an gCumann Oideach Foirgníochta (EBS) ó Fheabhra 2010 go Nollaig 2011 agus bhí ról straitéiseacha aici leis an EBS idir 2005 agus 2010, chomh maith le bheith ina Rúnaí ar an gCuideachta le linn cuid mhaith den tréimhse sin. Roimh

dí post a fháil leis an EBS, d'oibrigh Emer mar Stiúrthóir le NCB Corporate Finance Limited agus thug sí comhairle faoi go leor idirbheart sa mhargadh Éireannach. Roimhe sin, d'oibrigh Emer sa réimse airgeadais chorpóraidigh le ABN AMRO Bank N.V. agus le Citibank i Londain. Fuair Emer oiliúint mar chuntasóir cairte le KPMG.

Bhain Emer céim amach in COBÁC agus is Comhalta d'Institiúid na gCúntasóirí Cairte in Éirinn í. Bhí Emer ina ball de Bhord Údaráis RTÉ ó 2005 go 2010 agus is Stiúrthóir í de C&C Group plc agus d'Fhondúireacht Shráid Temple, an carthanas a bhaineann le hOspidéal na Leanaí ar Shráid Temple.

John Moore

Stiúrthóir



Ghlac John Moore post ar Bhord Phoirt agus Duganna Bhaile Átha Cliath in 1977 agus tá roinnt post sinsearach glactha aige san eagraíocht, lena n-áirítear Ceannasaí um Sholáthar agus Ceannasaí Iníúchta Inmheánaigh. Tá sé fostaithe faoi láthair i Roinn Cothabhála agus Seirbhísí na heagraíochta. Ceapadh chuig an mBord é in 2007 agus athcheapadh é in 2012.

Is eisean an pointe teagmhála do phoirt in Éirinn a bhfuil baint acu le Clár Oiliúna Phoirt na Náisiún Aontaithe atá dírithe ar chumais oiliúna a threisiú agus acmhainní daonna na bpobal poirt i dtíortha atá i mbéal forbartha a fhorbairt.

Bhain John an clár Stiúrthóir Cairte amach in Institiúid na Stiúrthóirí Cairte. Tá B.A. sa Bhainistíocht agus Máistreacht sna Staidéir ar Bheartais Eacnamaíochta aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is Ball Iarchéime é d'Institiúid Mhargaiochta na hÉireann agus is ball é d'Institiúid Chairte na n-Iníúchóirí Inmheánacha.

Tá John ina bhall de CSTGT agus tá sé ar choiste feidhmiúcháin an Ghrúpa Náisiúnta Oibríthe agus Stiúrthóirí in Éirinn.

Michael Sheary

Rúnaí na Cuideachta & Príomhoifigeach Airgeadais



Tháinig Michael Sheary isteach sa Chuideachta in 1982 agus bhí ról shinsearacha éagsúla aige, lena n-áirítear Leas Rialtóir Airgeadais, go dtí gur ceapadh é mar Rúnaí agus Príomhoifigeach Airgeadais na Cuideachta in 2001. Ó shin i leith, tá maoirseacht déanta ag Michael ar fheidhmeanna airgeadais, dlíthiúla agus riaracháin na Cuideachta.

Cáilíodh Michael mar Chuntasóir Cairte Deimhnithe in 1988 agus glacadh é mar Chomhalta de Chumann na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe in 1996. Is Stiúrthóir é

de Chuideachta Gníomhaíochtaí Ainmnithe (DAC) Dhroichead na Rinne agus tá ionadaíocht déanta aige roimhe seo ar son Chomhlacht Chalafort Átha Cliath mar Stiúrthóir ar East Link Limited. Is iontaobhaí de scéim Pinsin le Sochar Sainithe Chomhlacht Chalafort Átha Cliath é.

Rúnaí & Oifig Chláraithe

Michael Sheary
An Lárionad Poirt
Alexandra Road
Baile Átha Cliath 1

Uimhir Chláraithe: 262367

Baincírí Príomha

Banc na hÉireann
2 Burlington Plaza
Burlington Road
Baile Átha Cliath 4

Iníúchóirí

PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht
Iníúchóireachta Reachtúla
One Spencer Dock
North Wall Quay
Baile Átha Cliath 1

Achtúirí

Mercer
Charlotte House
Charlemont Street
Baile Átha Cliath 2

Dlíodóirí

Beauchamps Solicitors
Riverside Two
Sir John Rogerson's Quay
Baile Átha Cliath 2

Eversheds
One Earlsfort Centre
Earlsfort Terrace
Baile Átha Cliath 2

Mason Hayes & Curran
South Bank House
Barrow Street
Baile Átha Cliath 4

TIONSCADAL ATHFHORBA
CROSS
CUIREADH
ANOBAIR
LUATHIMÍ






RTHA BHÁISÍN ALEXANDRA
— BERTH — QUAY
— TÚS — LEIS
— TÓGÁLA — GO
— NA — SAMHNA



**IS ÉARD ATÁ I GCEIST LE TIONSCADAL
ATHFHORBARTHA BHÁISÍN ALEXANDRA NÁ
THART AR 3 KM DE BHALLÁÍ CÉ A THÓGÁIL,
BÁISÍN AGUS CAINÉAL AN CHUAIN A
DHOIMHNIÚ CHUN FREASTAL AR SHOITHIGH
FARRAIGE NÍOS MÓ, CHOMH MAITH LE
HOIBREACHA A BHAINNEANN LE HOIDHREACTH
THIONSCLAÍOCH VICTEOIRIACH AN PHOIRT.**









**IS É TIONSCADAL ATHFHORBARTHA BHÁISÍN
ALEXANDRA AN CHÉAD TIONSCADAL
MÓR ATÁ LE TABHAIRT AR AGHAIDH FAOI
MHÁISTIRPHLEAN AN CHOMHLACHTA 2012
GO 2040. IS CUID DE CHLÁR CAITEACHAIS
CHAIPITIÚIL DE €600M THAR DEICH MBLIANA
AN TIONSCADAL SEO AGUS RINNE AN BORD É
A FHAOMHADH I NOLLAIG 2016.**



Ráiteas ón gCathaoirleach

Réamhrá

Tá áthas orm a thuairisciú gur éirigh go han-mhaith arís eile le Comhlacht Chalafort Átha Cliath in 2016. Láimhseáladh leibhéal tréchuir thar na bearta le líonta iomlána 34.9m tona (méadú 6.3% ar leibhéal na bliana roimhe). Déantar achoimre thíos ar phríomhghnéithe fheidhmíocht an tréchuir:

- ▶ Méadú 6.3% ar an tréchur iomlán ó 32.8m tona go dtí 34.9m tona
- ▶ Méadú 6.1% ar allmhairí ó 19.5m tona go dtí 20.7m tona
- ▶ Méadú 6.7% ar onnmhairí ó 13.3m tona go dtí 14.2m tona

Bhí méadú ar na líonta in 2016 bunaithe arís eile ar fhás tréan san earnáil aonadaithe. Tháinig méadú 6.1% agus 6.2% faoi seach ar an ngnó róró agus ar an ngnó lóló. Ba é tonnáiste iomlán na ngnóthai aonadaithe in 2016 ná 28.8m tona. Tháinig méadú ar bhulclíonta freisin. D'fhás an bhulchleacht 4.1% go dtí 4m tona agus d'fhás an earnáil bulcsholad 15.3% go dtí 2.1m tona.

Chuir méadú ar na líonta tréchuir le feidhmíocht thréan airgeadais eile in 2016, trínar:

- ▶ Tháinig méadú 5.1% ar an láimhdeachas ó €77.7m go dtí €81.6m
- ▶ Tháinig méadú 6.1% ar an mBrabús Oibriúcháin ó €42.9m go dtí €45.6m
- ▶ Tháinig méadú 8.8% ó €49.3m go dtí €53.6m ar thuilleamh roimh ús, cánacha, dímhéas agus amúchadh (TRÚCDA)
- ▶ Tháinig méadú 7.3% ar an mBrabús don Bhliain Airgeadais ó €36.4m go dtí €39.0m

Is é cuspóir sárraitheach Chomhlacht Poirt Bhaile Átha Cliath gnó a éascú agus cinntiú go mbogtar allmhairí agus onnmhairí tríd an gCalafort go héifeachtúil. Chonacthas leibhéal thréana fáis le ceithre bliana anuas agus is soiléir gurb é an dúshlán is mó atá os ár gcomhair anois ná cumas a chur ar fáil go fóill laistigh d'achar reatha an Phoirt agus cinntiú go leanfaidh ár gcustaiméirí agus ár dteirminéil orthu ag feidhmiú. Tá se leagtha amach i Máistirphlean 2012-2040 an Chomhlachta conas atá sé beartaithe againn é sin a dhéanamh.

Máistirphlean 2012-2040

Ghlac Comhlacht Chalafort Átha Cliath leis an Máistirphlean 2012-2040 ("an Máistirphlean") i mí Eanáir 2012 i ndiaidh próisis fhorleathain um chomhairliúchán poiblí, rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus measúnú comhshaoil.

Tá fíis sa Máistirphlean faoi conas Calafort Bhaile Átha Cliath a fhorbairt chun freastal ar mhéadú faoi dhó ar líonta an phoirt atáthar ag súil leis go dtarlóidh sé thar 30 bliain ó 2010 go dtí 2040. Cuirtear treoir straitéiseach ar fáil ann faoi úsáid talún i gCalafort Bhaile Átha Cliath agus aithnítear ann gur rud tábhachtach é an úsáid is fearr a bhaint as acmhainn ghann talún agus cé, acmhainn nach mór pleanáil go cúramach ina leith agus Calafort Bhaile Átha Cliath á fhorbairt amach anseo.

Ó tugadh isteach an Máistirphlean, baineadh an-úsáid as chun treoir agus comhthéacs straitéiseach a sholáthar faoi thodhchaí an Phoirt, ní amháin do

**TÁ FÍS SA
MHÁISTIRPHLEAN
FAOI CONAS CALAFORT
BHAILE ÁTHA CLIATH
A FHORBAIRT CHUN
FREASTAL AR
MHÉADÚ FAOI
DHÓ AR LÍONTA
AN PHOIRT
ATÁTHAR AG SÚIL
LEIS GO DTARLÓIDH
SÉ THAR
30 BLIAIN Ó
2010 GO DTÍ
2040.**

Lucy McCaffrey — Cathaoirleach



Ráiteas ón gCathaoirleach

(ar lean)

Chomhlacht Poirt Bhaile Átha Cliath, ach freisin don Rialtas Náisiúnta agus Áitiúil, do ghníomhaireachtaí reachtúla agus do ghníomhaireachtaí pleanála agus forbartha. Úsáideadh an Máistirphlean mar bhonn eolais do Pholasáí Náisiúnta na gCalafort agus do Pholasáí Iompair agus úsáideadh mar threoir é ag na hÚdarás Phleanála agus Cheadaithe chun polasaithe agus tograí sonracha a leagadh amach maidir le Calafort Bhaile Átha Cliath.

Aithníodh go mbeadh sé riachtanach athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an Máistirphlean chun deimhin a dhéanamh de go leanfadh sé de bheith ábhartha agus chun a chuspóir lárnach a bhaint amach, sé sin fíis shoiléir a sholáthar maidir le forbairt an Phoirt amach anseo.

Aithníodh go raibh athruithe ar leibhéil éilimh ar bhonneagar an phoirt ina bpríomheilimint a bhfuil feidhm aici ar an uair a dhéantar athbhreithniú ar an Máistirphlean. Ag an bpointe seo i dtús 2017, is soiléir gur dócha go sáróidh leibhéal an éilimh ar bhonneagar an phoirt an leibhéal a rabhthas ag súil leis i dtús báire toisc go mbeidh an leibhéal fáis ar líonta lastais don tréimhse suas go dtí 2040 níos airde ná a rabhthas ag súil leis. Mar sin, sheolamar próiseas comhairliúcháin phoiblí i mí Eanáir 2017 maidir leis an gcéad athbhreithniú againn ar an Máistirphlean.

Ó foilsíodh an Máistirphlean in 2012, cuireadh roinnt forbairtí suntasacha i gcrích a thacaíonn le hathbhreithniú ar an Máistirphlean. Áirítear leis na forbairtí sin:

- ▶ Téarnamh geilleagrach a bhí ina chúis le méadú arís eile ar an bhfás bliantúil cumaisc ar líonta poirt
- ▶ Tionscadal Athfhorbartha Bháisín Alexandra a thosú a áiríonn timpeall trian amháin de na roghanna forbartha bonneagraí a aithníodh ar dtús sa Mháistirphlean
- ▶ Rialú a fháil arís ar 11.2 heicteár de thailte an Phoirt chun iad a chur ar fáil chun críocha athfhorbartha
- ▶ Obair athfhorbartha ar roinnt láithreán i gCalafort Bhaile Átha Cliath a chríochnú chun 16.1 heicteár bhreise de thailte inrochtana poirt a chur ar fáil

- ▶ Obair athfhorbartha ar 720m de thailte cé
- ▶ Cheannaigh an Chomhlacht láithreán 44 heicteár in aice le hAerfort Bhaile Átha Cliath chun áis nua Phort Intíre Bhaile Átha Cliath a fhorbairt
- ▶ Polasáí Náisiúnta na gCalafort a fhoilsiú i mí an Mhárta 2013
- ▶ D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta a thuairisc Competition in the Irish Ports Sector (Iomaíochta in Earnáil Calafort na hÉireann) i mí na Samhna 2013
- ▶ D'fhoilsigh Comhlacht Chalafort Átha Cliath a Pholasáí Saincheadúnais i mí na Bealtaine 2014
- ▶ D'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair a Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, 2016-2035
- ▶ I mí an Mheithimh 2015, cruthaíodh Bitsféar Bhá Bhaile Átha Cliath mar chomhthionscnamh ag:
 - Comhlacht Chalafort Átha Cliath
 - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
 - Comhairle Contae Fhine Gall
 - Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
 - An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
 - Bord Fáilte

- ▶ Cruthaíodh Crios Forbartha Straitéisí Iarthar an Phoill Bhig i mí na Bealtaine 2016
- ▶ Foilsíodh Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2016-2021 ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Cuireadh an Máistirphlean le chéile ar dtús chun léargas soiléir a thabhairt do pháirtithe leasmhara uile an Phoirt ar an gcaoi a ndéanfar an Calafort a fhorbairt san fhadtéarma.

Cúig bliana níos déanaí, tá sé níos soiléire anois conas ar cheart Calafort Bhaile Átha Cliath a fhorbairt chun cuspóirí an Mháistirphlean a chomhlíonadh.

Tá sé beartaithe Athbhreithniú 2017 ar an Máistirphlean a úsáid chun roghanna forbartha bonneagraí Phort Bhaile Átha Cliath a nuashonrú agus a bheachtú agus, trína leithéid a dhéanamh, deimhin a dhéanamh de go gcuirtear ar fáil go fóill sa Mháistirphlean an réiteach is fearr d'fhorbairt thodhchaíoch Phort Bhaile Átha Cliath suas chomh fada le 2040.

**Ó FOILSÍODH AN
MÁISTIRPHLEAN IN
2012, CUIREADH ROINNT
FORBAIRTÍ SUNTASACHA I
GCRÍCH A THACAÍONN LE
HATHBHREITHNIÚ AR AN
MÁISTIRPHLEAN.**

Calafort Intíre Bhaile Átha Cliath

In 2016, rinne an Bord cinneadh suntasach chun seilbh a fháil ar 44 heicteár de thalamh ag Páirc Lóistíochta Aerfort Bhaile Átha Cliath in aice leis an M50. Rinne an Bord é sin chun Crios Lóistíochta Seachtrach Poirt a bhunú. Fuarthas cead ón Aire i mí Iúil 2016 chun seilbh a fháil ar an talamh. Rinneadh an-fhorbairt ar an réasúnaíocht chun seilbh a fháil ar thailte breise i gcomhthéacs pholasaithe talún an Chomhlachta, mar atá leagtha amach sa Mháistirphlean, Plean Straitéiseach agus Polasaí Saincheadúnais.

Rinneadh na cuspóirí seo a leanas a dheimhniú sa Mháistirphlean agus sa Plean Straitéiseach ach go háirithe:

- ▶ úsáid a bhaint as achar reatha an Phoirt a oiread agus is féidir; agus
- ▶ deiseanna a imscrúdú chun cur le bunachar talún an Chomhlachta lasmuigh d'eastát an Phoirt, chun athlonnú gníomhaíochtaí nach príomhghníomhaíochtaí iad a éascú.

De bhreis ar an méid thuasluaite, thug an Bord go raibh fás leanúnach ag teacht ar an tréchur, rud a thug le tuiscint go bhféadfadh líonta bheith i bhfad níos mó ná na líonta a leagadh amach i dtús báire sa Mháistirphlean.

Meastar go n-úsáidfear na tailte a fuarthas seilbh orthu chun éascaíocht a dhéanamh ar dhiláithriú gníomhaíochtaí neamhphríomha poirt sa ghearrthéarma agus go n-úsáidfear faoi dheireadh iad chun freastal ar lastais allmhairithe/onnmhairithe de réir mar a thiocfaidh méadú ar líonta poirt.

Cuirfear tús le hoibreacha tosaigh cumasúcháin ar Phort nua Intíre Bhaile Átha Cliath in 2017.

Le chéile, tá dóigh ag an mBord go gcuirfidh próiseas athbhreithnithe an Mháistirphlean sraith nua roghanna forbartha ar fáil, rud a chuirfidh an cumas ar fáil, i gcomhar le cur i bhfeidhm Thionscadal Athfhorbartha Bháisín Alexandra agus le forbairt áiseanna breise ar na tailte nua, atá riachtanach chun freastal ar an bhfás leanúnach.



Comhtháthú an Phoirt agus na Cathrach

De bhreis ar an gcuspoir cumas a chur ar fáil atá riachtanach chun freastal ar an bhfás amach anseo, tá sé mar chuspóir freisin ag an Máistirphlean, agus na naisc thréana atá ann leis na céadta bliain anuas á n-aithint, comhtháthú níos mó a bhaint amach idir an Calafort agus an Chathair.

Áirítear ar na bealaí a ndéanaimid gach iarracht an cuspóir seo a bhaint amach ná trínár straitéisí um Fhreagracht Shóisialta Chorporáideach ("FSC") agus um Bogluachanna.

Breathnaíonn Comhlacht Calafort Átha Cliath ar a chlár FSC mar ghealltanas Poirt chun cur leis an bhforbairt inbhuanaithe eacnamaíoch – oibríonn sé le fostaithe, leis an bpobal áitiúil agus leis an tsochaí ghinearálta chun an mianach saoil a fheabhsú, ar bhealaí atá tairbheach do ghnó an Phoirt agus do Chathair Bhaile Átha Cliath, a shaoránaigh agus a chuirteoirí.

Ráiteas ón gCathaoirleach

(ar lean)

In 2016, d'oscail Comhlacht Chalafort Átha Cliath Lárionad Maraithe nua den scoth tar éis infheistíocht €0.5m a dhéanamh sa tsaoráid, atá lonnaithe ar shuíomh sheanmhuileann plúir Odlum. Tacóidh an lárionad le os cionn 7,500 maraí in aghaidh na bliana a bheidh ag teacht ó gach cearn den domhan.



Ag teacht leis an ngealltanas sin, tá a fhios ag Comhlacht Chalafort Átha Cliath go maith go bhfuil nasc tréan ann idir an Calafort agus na pobail áitiúla, a cruthaíodh i gcaitheamh na mblianta, agus déantar iarracht leis an gclár FSC tacú le gníomhaíochtaí i bpobail áitiúla a bhaineann leis an oideachas, le spóirt agus le tionscadail chomhphobail.

Áiríodh le príomhthionscnaimh na bliana 2016 rannpháirteachas i:

- ▶ bhFreagra ar Dhrugaí Cheantar na Rinne (FDCR)
- ▶ dTionscnamh Luathfhoghlama Choláiste Náisiúnta na hÉireann
- ▶ gClár leanúnach Scoláireachta Chomhlacht Poirt Bhaile Átha Cliath
- ▶ gclubanna agus gníomhaíochtaí éagsúla spórtúla

Ag teacht leis na gealltanas atá leagtha amach sa Mháistirphlean, d'fhaomh an Bord creat bogluachanna a bheidh mar bhonn agus taca breise do chomhtháthú an Phoirt agus na Cathrach. An aidhm atá leis sin ná deimhin a dhéanamh de go bhfuil creat forbartha againn atá freagrach do na limistéir ar theorainn, go háirithe limistéir i mBá Bhaile Átha Cliath atá ainmnithe faoin reachtaíocht chomhshaoil AE.

Iarrtar leis an gcreat deimhin a dhéanamh de go ndéanaimid:

- ▶ Forbairt nua a chomhtháthú le tírdhreacha tógtha agus nádúrtha sa dúiche mórthimpeall
- ▶ Dearadh inbhuanaithe a chur chun cinn sa timpeallacht nádúrtha agus thógtha
- ▶ Caomhnú na struchtúr cosanta in eastát an phoirt a dhaingniú
- ▶ Prionsabail an Dearaidh Uilíoch a chur chun cinn chun go mbeadh rochtain ó nádúr ag daoine faoi mhíchumas, agus acu siúd gan mhíchumas araon, ar thimpeallachtaí
- ▶ Calafort Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn chun críocha áineasa agus conláiste trí bhéim a leagan ar shiúlóidí agus rotharbhealaí a tháirgeann áiseanna chun breathnú ar éin agus ar an bhfiadhúlra, mar aon le radhairc ar an mbá agus an timpeallacht ghinearálta, agus ar an ngníomhaíocht sa phort
- ▶ Nithe is díol spéise suntasacha a fhorbairt, amhail Lárionad Oidhreachta an Phoirt
- ▶ Rochtain an phobail ar imeall an uisce a uasmhéadú agus tírdhreachú agus ardchaighdeán ghlaineachta a úsáid chun an ríocht phoiblí a fheabhsú

In 2015, chríochnaíomar tionscadal athchumraíochta ar an Tumchlogad ar Ché Sir John Rogerson. Buíochas leis an tionscadal sin, is féidir le daoine den phobal an píosa tábhachtach stairiúil seo d'oidhreachtaí Phoirt Bhaile Átha Cliath a rochtain anois agus léirmhíniú a fháil ar stair forbartha Phoirt Bhaile Átha Cliath agus ar an méid a rinne an t-innealtóir cáiliúil Bindon Blood Stoney ar son na forbartha sin.

In 2016, chríochnaíomar an obair a bhí á déanamh againn ar Lárionad nua na Maraithe ar Bhóthar Alexandra agus thosaíomar ag obair ar thionscadal chun limistéir Lárionad an Phoirt a oscailt suas ar Bhóthar an Phoirt Thoir, rud a athróidh ó bhun conas a chuirfear eastát an phoirt i láthair sna dugthailte, ceantar a bhfuil forbairt thapa ag teacht air.

Áireofar leis na tionscadail amach anseo Liathróid Todhchaí a shuiteáil ar Ché John Rogerson, sean-chraein poirt a shuiteáil mar oidhreachtaí thionsclaíoch ar Ché an Phoirt Thuaidh agus obair athchóirithe a dhéanamh ar an Long Sholais Kittiwake chun ionad ilfheidhmeach inaistrithe a chruthú le haghaidh siamsaíochta agus taispeántas.

De bhreis ar na tionscadail chaipitil atá leagtha amach thuas, thugamar faoi roinnt

DÍRÍTEAR ARÍS EILE SA TIONSCNAMH PORT PERSPECTIVES, A SEOLADH IN 2017, AR AN BPORT AGUS AN CHATHAIR A ATHNASCADH, AGUS TÁ ROINNT EILIMINTÍ ANN

tionscadal cultúrtha chomh maith, Starboard Home (Baile as a Deis) in 2016 agus Port Perspectives (Tuairimí Poirt) in 2017.

Faoin tionscnamh Starboard Home, d'oibríomar leis an gCeoláras Náisiúnta chun ealaíontóirí a choimisiúnú chun saothair nua a chruthú a bhainfeadh leas as ceol, amhráin agus an briathar scríofa. D'úsáidí na rudaí sin chun timthriall nua-aimseartha amhrán a chruthú a dhíreodh ar an nasc stairiúil idir an Calafort agus an Chathair. D'éirigh go maith leis an tionscnamh sin agus eisíodh albam a cuireadh chun cinn le dhá cheolchoirm in 2016.

Dirítear arís eile sa tionscnamh Port Perspectives, a seoladh in 2017, ar an gCalafort agus an Chathair a athnascadh, agus tá roinnt eilimintí ann, na cinn seo a leanas san áireamh:

- ▶ Taispeántas Hugh Lane de bhreis is 70 saothar le healaíontóir Eugene Van Mieghem (1875-1930) a tháinig as Antuairp, a raibh an-chuid gnéithe de shaol Phort agus Cathair Antuairp thar na ndeich mbliana le feiceáil ina chuid oibre, lena n-áirítear tríd an gCéad Chogadh Domhanda agus le linn na hollinimirce chuig na Stáit Aontaithe
- ▶ Trí phársa nua saothair ealaíne a choimisiúnú ar Thailte an Phoirt
- ▶ Clár rannpháirtíochta le pobail áitiúla agus le coláistí ealaíne a tháirgeadh ag Calafort Bhaile Átha Cliath

Conclúid

Mar chríoch, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a gcuid oibre le linn na bliana seo caite.

I mí na Samhna 2016, athcheapadh Emer Finnan chuig Bord an Chomhlachta ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá raon leathan taithí airgeadais ag Emer agus tá sí ina Cathaoirleach ar Choiste Iniúcháireachta agus Riosca an Chomhlachta. In 2016, tháinig deireadh le téarmaí oifige Helen Collins agus Pat Magner agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leo as an obair luachmhar go léir a rinne siad agus as a seirbhís le linn a dtéarma oifige.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Eamonn O'Reilly, an Príomhfheidhmeannach, leis an bhfoireann bainistíochta agus le baill foirne uile Chomhlacht Poirt Bhaile Átha Cliath as a gcuid oibre le linn na bliana seo caite. Buíochas lena ngealltanais agus a dtiomantas, tá an Chomhlacht ag dul ó neart go neart i gcónaí agus tá gach seans ann go mbainfeadh amach a phríomhchuspóir, sé sin éascaíocht a dhéanamh ar thrádáil agus ar fhás trádála sna blianta atá romhainn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire agus le foireann an Aire ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt as a rannpháirtíochas leanúnach gníomhach in 2016.


Ar deireadh, de bhreis ar bhuíochas a ghabháil lenár gcustaiméirí as a ngnó leanúnach, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bpáirtithe leasmhara go léir as a gcuid cabhrach agus tacaíochta i gcúrsa na bliana.

Lucy McCaffrey
Cathaoirleach

31 Márta 2017



BHÍ — FÁS — 6.3
BHAILE — ÁTHA — C
ARB — IONANN —
MÉIDEANNA — DE —
CHEITHRE — BLIA



In 2016, d'fhás na líonta go dtí 34.9m tona, méadú 6.3% ar an mbliain roimhe sin. Seasann an fás iolraithe do na ceithre bliana seo caite ag 24.7% agus tá na líonta iomlána tréchuir ceithre mhiliún tona (12.9%) níos airde anois ná mar a bhí siad in 2007 roimh an cor chun donais eacnamaíoch.

% — A R — P H O R T
L I A T H — I N — 2 0 1 6 ,
É — A G U S — A R D Ú
2 5 % — L A I S T I G H — D E
N A — A R — É I G E A N .


**THÁINIG MÉADÚ MÓR
AR ALLMHAIRÍ AGUS
AR ONNMHAIRÍ, RUD A
LÉIRIGH FEIDHMÍOCHT
DHEARFACH
GHINEARÁLTA AN
GHEILLEAGAIR LE LINN
NA BLIANA.**

Eamonn O'Reilly — Príomhfheidhmeannach




Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach

Olltonaí d'allmhairí/onnmhairí ('000)




● Allmhairí ● Onnmhairí

Móid olltonaí ('000)



● Róró ● Lóló ● Bulcleacht ● Bulcsholad ● Briseadh Builc

Deighilt aonadaithe/neamh-aonadaithe



● Aonadaithe ● Neamhaonadaithe

Athbhreithniú Trádála Phort Bhaile Átha Cliath

In 2016, d'fhás na líonta go dtí 34.9m tona, méadú 6.3% ar an mbliain roimhe sin. Seasann an fás iolraithe do na ceithre bliana seo caite ag 24.7% agus tá na líonta iomlána tréchuir ceithre mhiliún tona (12.9%) níos airde anois ná mar a bhí siad in 2007 roimh an cor chun donais eacnamaíoch.

Tháinig méadú mór ar allmhairí agus ar onnmhairí, rud a léirigh feidhmíocht dhearfach ghinearálta an gheilleagair le linn na bliana.

| '000 olltonaí | 2016 | 2015 | % athrú |
|---------------|---------------|---------------|-------------|
| Allmhairí | 20,745 | 19,549 | 6.1% |
| Onnmhairí | 14,184 | 13,289 | 6.7% |
| Iomlán | 34,929 | 32,838 | 6.3% |

Tá forlámhas méadaitheach ag móid aonadaithe (82.5% ar an iomlán i dteannta a chéile) ar ár ngnó. B'ionann iad agus 76.9% den olltonnaiste iomlán deich mbliana ó shin.

| '000 olltonaí | 2016 | 2015 | % athrú |
|-----------------|---------------|---------------|-------------|
| Róró | 22,484 | 21,191 | 6.1% |
| Lóló | 6,328 | 5,960 | 6.2% |
| Bulcsholad | 2,053 | 1,780 | 15.3% |
| Bulcleacht | 4,017 | 3,857 | 4.1% |
| Briseadh Builc | 47 | 50 | (6.0%) |
| Iomlán | 34,929 | 32,838 | 6.3% |
| Aonadaithe | 28,812 | 27,151 | 6.1% |
| Neamhaonadaithe | 6,117 | 5,687 | 7.6% |

Tharla an chuid is mó den fhás in 2016 (80%) i móid aonadaithe níos mó (d'fhás siad 6.1%).

Ach bhí ráta fáis níos airde (7.6%) ag na móid neamhaonadaithe níos lú.

| | | |
|-----------------|--------------|---------------|
| Aonadaithe | 1,661 | 79.4% |
| Neamhaonadaithe | 430 | 20.6% |
| Iomlán | 2,091 | 100.0% |

Tháinig méadú 7.6% go dtí 944,531 aonad ar líon aonad róró na bliana agus tháinig méadú 8.1% go dtí 663,732 aonad ar líon na n-aonad coibhéise fiche troigh lóló. Is é Baile Átha Cliath an calafort lastais aonadaithe is mó in Éirinn agus an calafort is mó fáis, agus mhéadaigh ár gcion de líonta iomlána uile-Éireann go dtí 50.0% (2015: 49.3%) i gcás róró agus go dtí 56.6% (2015: 54.9%) le haghaidh lóló.

| | 2016 | 2015 | % athrú |
|--|---------|---------|---------|
| Aonaid róró | 944,531 | 877,826 | 7.6% |
| Aonaid choibhéise fiche troigh lóló | 663,732 | 614,226 | 8.1% |

Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach

(ar lean)

D'fhás líonta Feithiclí Trádála 2.0% go dtí 104,185 aonad, i ndiaidh na bliana 2015 inar fhás líonta go mór (25.8%). Táscaire eile atá anseo go bhfuil feabhas ag teacht ar an ngeilleagar íntire.

Sa Bhulcearnáil, tháinig méadú 4.1% ar Bhulchleact (beagnach gach táirge peitiriliam) agus méadú 15.3% ar Bhulcsholad. Méaduithe ar allmhairí agus onnmhairí táirgí stroighne ba chúis leis na méaduithe sin den chuid is mó.

D'fhás an ghné turasoireachta dár ngnó de bheagán: tháinig méadú 0.9% go dtí 1.8m ar líon na bpaisinéirí bád farantóireachta agus tháinig méadú 1.0% go dtí 0.5m ar líon na bhfeithiclí turasoírí.

D'fhás an turasoireacht turas mara go mór in 2016 nuair a thug 109 long chrúsála cuairt ar an gCalafort, is é sin méadú 17.2% ar an mbliain roimhe.

| | 2016 | 2015 | % |
|--|-----------|-----------|-------|
| Líon na long crúsála a thug cuairt ar an gcalafort | 109 | 93 | 17.2% |
| Paisinéirí agus an criú | 159,124 | 148,891 | 6.9% |
| Olltonnáiste comhiomlán | 4,354,130 | 4,352,753 | 0.0% |

Feidhmíocht Airgeadais in 2016

Soláthraí bonneagair is ea Comhlacht Chalafort Átha Cliath nach nglacann ach páirt an-bheag i ngníomhaíochtaí oibríochtúla. Mar sin, tá mórthionchar oibríochtúil againn agus bímid ag súil leis go spreagfar leibhéil ioncaim agus brabúis go díreach le méaduithe ar líonta.

Le linn 2016, bunaithe ar mhéadú 6.3% ar líonta, d'fhás ár n-ioncam 5.1% ó €77.7m go dtí €81.6m. Ba láidir an méadú ioncaim in 2016 go háirithe nuair a smaoinítear gur stopadh de chion de bhrabúis dholascéim an Nascbhóthair Thoir a thabhairt don Chomhlacht ag deireadh na bliana 2015. Gan an Nascbhóthar Thoir a chur san áireamh, tháinig bunmhéadú 7% ar ioncam in 2016.

B'ionann na costais iomlána oibríochtúla agus €36.6m san dá bhliain. Mar chuid den tsuim sin, tháinig méadú €1.4m ar chostais dimheasa ó €7.2m in 2015 go dtí €8.6m in 2016, rud a léiríonn bonn níos airde sócmhainní seasta an Chomhlachta toisc a chlár leanúnach infheistíochta caipitil. Rinneadh an muirear dimheasa níos airde a fhritháireamh le laghdú €1.9m ar an muirear cistithe phinsean mar thoradh ar sheanchreidmheas seirbhíse a tháinig chun cinn in 2016 tar éis do thionchar an tobhaigh phinsin ar bhail ghníomhacha an chiste a bheith curtha i bhfeidhm.

Is ionann an t-ioncam oibríocháin eile in 2016 agus €519,000. Baineann €350,000 le méadú ar luacháil réadmhaoin infheistíochta an Chomhlachta, "P5", atá lonnaithe i bPáirc Gnó Rinn an Oirthir. Is ionann an brabús ar dhíuscáirt sócmhainní in 2016 agus €169,000 agus baineann sé le díuscáirt gléasra agus trealaimh ilghnéithigh.

B'ionann an tsuim chomparáideach i leith ioncaim oibríocháin eile in 2015 agus €1.8m (€800,000 i leith méadaithe ar luacháil réadmhaoin infheistíochta P5 agus €1m i leith cistí deontais a fuarthas ón AE i leith staidéir a bhaineann le Tionscadal Athfhorbartha Bháisín Alexandra).

Mar thoradh ar an méid thuasluaite, tháinig méadú €2.6m (6.1%) ar bhrabús oibríocháin an Chomhlachta ó €42.9m in 2015 go dtí €45.6m in 2016.

Láimhdeachas (€'000) ▲ 5.1%

| | |
|------|--------|
| 2016 | 81,633 |
| 2015 | 77,674 |

TRÚCDA (€'000) ▲ 8.8%

| | |
|------|--------|
| 2016 | 53,642 |
| 2015 | 49,306 |

Brabús oibríocháin (€'000) ▲ 6.1%

| | |
|------|--------|
| 2016 | 45,554 |
| 2015 | 42,941 |

Brabús roimh cháin (€'000) ▲ 7.5%

| | |
|------|--------|
| 2016 | 45,082 |
| 2015 | 41,924 |

Brabús i ndiaidh cánach (€'000) ▲ 7.3%

| | |
|------|--------|
| 2016 | 39,040 |
| 2015 | 36,372 |

| €'000 | 2016 | 2015 | % athrú |
|-------------------------|--------|--------|---------|
| Láimhdeachas | 81,633 | 77,674 | 5.1% |
| TRÚCDA | 53,642 | 49,306 | 8.8% |
| Brabús oibriúcháin | 45,554 | 42,941 | 6.1% |
| Brabús roimh cháin | 45,082 | 41,924 | 7.5% |
| Brabús i ndiaidh cánach | 39,040 | 36,372 | 7.3% |

Mar sholáthraí bonneagair a bhfuil riachtanais mhóra caiteachais chaipitil díreach os a chomhair, is príomhbhearta iad giniúint airgid thirim, Toradh ar Caipiteal a Úsáidtear agus glanfiachas chun cur le neart an ghnó.

Le linn 2016, tháinig méadú 8.8% go dtí €53.6m, mar a thaispeántar thíos, ar thuilleamh roimh ús, cánacha, dímhéas agus amúchadh (TRÚCDA).

| €'000 | 2016 | 2015 |
|---|---------------|---------------|
| Brabús oibriúcháin | 45,554 | 42,941 |
| Dímhéas agus amúchadh sócmhainní seasta | 9,082 | 7,654 |
| Amúchadh deontas caipitiúil | (475) | (489) |
| Athluacháil mhaoin infheistíochta | (350) | (800) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta | (169) | - |
| TRÚCDA | 53,642 | 49,306 |

Thairis sin, tháinig laghdú ar an Toradh ar Chaipiteal a Úsáidtear (TACÚ) ó 14.4% in 2015 go dtí 13.9% in 2016. Léiríonn sé sin leibhéal Caiteachais Chaipitil níos airde de €44.2m in 2016, i gcomparáid le €17m in 2015.

Ó ionchorpraíodh an Chomhlacht i 1997, ba é ár gcaiteachas bliantúil caipitil ar an meán ná €20m. Tháinig laghdú mór ar an tsuim sin thar thréimhse cúig bliana ó 2010 go dtí 2014 nuair nár caitheadh ach €10m in aghaidh na bliana ar an meán. Tá méadú suntasach tagtha ar leibhéal an chaiteachais chaipitil le dhá bhliain anuas, toisc ár gclár ilbhliantúil infheistíochta a bheith á chur chun cinn faoin Máistirphlean 2012-2040.

Tá staid láidir airgid ag an gComhlacht go fóill, agus b'ionann a glan-iarmhéid airgid ag deireadh na bliana agus €3.0m, tar éis d'infheistíocht chaipitil shuntasach de €58.3m a bheith déanta le linn na bliana.

| €m | 2016 | 2015 |
|--------------------------------------|--------|--------|
| Airgead tirim | | |
| (taiscí gearrthéarmacha san áireamh) | 38.0 | 70.1 |
| lasachtaí | (35.0) | (35.0) |
| Glan-iarmhéid airgid | 3.0 | 35.1 |

Tá fáil ag an gComhlacht ar áis fhadtéarmach fiachais €100m de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus déanann an áis sin, agus áiseanna gearrthéarmacha fiachais de €50m (a bhfuil €35m de tarraingthe anuas faoi láthair), deimhin de gur mhór an teann dúinn leanúint de chlár leanúnach na hinfeistíochta riachtanaí caipitil a chur i bhfeidhm in 2017 agus ina dhiaidh sin. I mí an Mhárta 2017, chuir an Chomhlacht áis nua iasachta i bhfeidhm in ionad na háise reatha fiachais €50m.

Imeachtaí le linn na Bliana

Le linn 2016, fuairamar ceadanna riachtanacha breise chun Tionscadal Athfhorbartha Bháisin Alexandra (“ABA”) a chur chun cinn agus cuireadh tús leis an obair sin.

Ina theannta sin, leanamar orainn ag déanamh tailte sa Phort a athfhorbairt chun limistéir bhreise a chur ar fáil, limistéir ina stórálfar lastais iompair ónár ngnóthaí róró agus lóló atá ag fás go tapa.

Thairis sin, cheannaíomar láithreáin a chumhdaíonn 44 heicteár, 14km ón gCalafort, chun éascaíocht a dhéanamh ar fhorbairt thodhchaíoch Phort Intíre Bhaile Átha Cliath. Freastalóidh Calafort Intíre Bhaile Átha Cliath ar ghníomhaíochtaí nach príomhghníomhaíochtaí iad a bhaineann leis an gcalafort, a bhfuil sé beartaithe againn iad a bhogadh ó Phort Bhaile Átha Cliath chun úsáid thailte an phoirt a uasmhéadú maidir le stóras iompair lastais.

Ar deireadh, i mí na Nollag, d'fhaomh an Bord clár caipitil deich mbliana a bhfuil luach €600m air ina dtugtar le chéile Tionscadal ABA agus forbairt Phort Intíre Bhaile Átha Cliath.

An Dealramh atá ar Ghnóthaí le haghaidh 2017

I gcomhthéacs ráta fáis de 25% sna ceithre bliana go dtí 2016, déanfaimid athbhreithniú ar ár Máistirphlean le linn 2017. Breathnófar san athbhreithniú sin ar an bhfoshuíomh cuí fáis phleanála don todhchaí, agus aithneofar ann roghanna forbartha bonneagair ar féidir leo freastal ar an bhfás sin.

I measc na roghanna sin tá forbairt roinnt tionscadal ar Leithinis an Phoill Bhig, lena n-áirítear i gCrios Forbartha Straitéisí larthar an Phoill Bhig, a bunaíodh ag an Rialtas in 2016.

Tar éis an vóta Breatimeachta sa RA an bhliain seo caite, caithfidh forbairt an Phoirt a phleanáil chun freastal ar na rialuithe teorann a d'fhéadfadh gníomhaireachtaí éagsúla Stáit a thabhairt isteach, Custaim san áireamh.

Mar chríoch, tar éis Rialachán na Seirbhísí Poirt a cheadú faoin dlí AE, a bheidh feidhm leis ó mhí an Mhárta 2019 ar aghaidh, aithneoidh le linn 2017 cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an Rialachán sin ar an gCalafort.

Eamonn O'Reilly
Príomhfheidhmeannach

31 Márta 2017

Bhí fás 7.6% ar na haonaid róró an bhliain sin, arbh ionann é agus 944,531 aonad róró, agus tháinig méadú 8.1% ar na haonaid lóló TEU, arbh ionann é agus 663,732 aonad lóló. Is é Baile Átha Cliath an port is mó agus is mó fáis in Éirinn le haghaidh lastas aonadaithe, agus ba ionann ardú ár gcion de mhéideanna iomlána na hÉireann ina hiomláine agus 50% (2015: 49.3%) i gcás róró agus 56.6% (2015: 54.9%) i gcás lóló.

IN — 2016, — BHÍ — GCEIST — LEIS — AONADAITHE



FÁS — 6.1% — I
N A — MÓID
MÓRA.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na Stiúrthóirí i láthair a dTuarascáil Bhliantúil mar aon le ráitis airgeadais iniúchta an Chomhlachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016.

Freagracht na Stiúrthóirí as na Ráitis Airgeadais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le dlí na hÉireann.

Faoi dhlí na hÉireann, éilítear ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliana airgeadais a thugann léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Chomhlachta ag deireadh na bliana airgeadais, agus ar bhrabús nó cailteanas an Chomhlachta don bhliain airgeadais. Faoi dhlí sin, tá ráitis airgeadais ullmhaithe ag na Stiúrthóirí i gcomhréir leis an gCleachtas Cuntasaoíochta a bhfuil Glacadh Leis go Ginearálta in Éirinn (caighdeán chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Comhairle um Thuairisciú Airgeadais RA, lena n-áirítear an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102, arb é an caighdeán um thuairisciú airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann, agus atá curtha i bhfeidhm ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus ag dlí na hÉireann).

Faoi dhlí na hÉireann, ní fhaomhfaidh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ach amháin más rud é go bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Chomhlachta ag deireadh na bliana airgeadais, agus ar bhrabús nó cailteanas an Chomhlachta don bhliain airgeadais.

Le linn do na ráitis airgeadais sin a bheith á n-ullmhú, éilítear ar na Stiúrthóirí:

- ▶ polasaíthe cuí cuntasaoíochta a roghnú agus na polasaíthe sin a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- ▶ breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- ▶ a shonrú cibé ar ullmháidh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin a aithint, faoi réir aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin sin a bheith nochta agus mínithe sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais; agus

- ▶ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chomhlacht i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choimeád, ar leor iad:

- ▶ chun idirbhearta an Chomhlachta a thaifeadh agus a mhíniú i gceart;
- ▶ chun sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas na Cuideachta a fháil amach ag aon am agus le cruinneas réasúnta; agus
- ▶ chun a chur ar chumas na Stiúrthóirí deimhin a dhéanamh de go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus chun na ráitis airgeadais sin a chur ar fáil i gcomhair iniúchta.

Chomh maith leis sin, tá na Stiúrthóirí freagrach as sócmhainní an Chomhlachta a chosaint agus, mar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis chorparáideach agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin an Chomhlachta a chothabháil, agus tá siad freagrach freisin as sláine na faisnéise sin. D'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann idir an reachtaíocht Éireannach lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht chéanna i ndlí sin eile.

Stádas Dlíthiúil

Comhlacht Gníomhaíochta Sainithe faoi theorainn scaireanna is ea Comhlacht Chalafort Átha Cliath, a bunaíodh í faoi reacht de bhun an Acht Cuanta, 1996 agus atá ionchorpraithe in Éirinn. An 3 Márta 1997, cuireadh an Chomhlacht in ionad Bhord Poirt agus Duganna Bhaile Átha Cliath, an t-eintiteas reachtúil a bhí freagrach roimhe sin as Calafort Bhaile Átha Cliath. An dáta sin, ghlac Comhlacht Chalafort Átha Cliath ceannas ar fheidhmeanna an Bhoird agus fuair sí seilbh ar a shócmhainní agus dliteanais ag na luachálacha a comhaontaíodh leis an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am. Ag cuimhneamh ar na sócmhainní agus dliteanais, d'eisigh an Chomhlacht scairchaipiteal de €7.648m chuig an Aire

Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am.

Le héifeacht ón 26 Iúil 1997, rinneadh údarás piolótaíochta Bhá Bhaile Átha Cliath den Chomhlacht.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2006, aistríodh freagracht as Eanáil na bPort Tráchtála ón Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha go dtí an t-Aire Iompair.

An 12 Iúil 2011, d'aistrigh an tAire Iompair sócmhainní agus dliteanais Chomhlacht Chalafort Dhún Dealgan chuig Comhlacht Chalafort Átha Cliath faoi Uimh. I.R. 361 de 2011.

Príomhghníomhaíochtaí

Is é cuspóir gnó Chomhlacht Chalafort Átha Cliath ná éascaíocht a dhéanamh ar ghluaiseacht earraí agus daoine, agus ar shreafaí faisnéise baintí, tríd an gCalafort.

Cuireann an Chomhlacht an bonneagar, na háiseanna, na seirbhísí agus an talamh a bhfuil dromchla crua air, ar fáil chun riachtanais na gcustaiméirí a chomhlíonadh maidir le haistriú éifeachtúil earraí agus paisinéirí idir na móid talún agus iompair ar muir.

Gintear ioncam, maidir leis na háiseanna sin a chur ar fáil, ó na nithe seo a leanas: dleachtanna soithigh, dleachtanna earraí, cíos agus na príomhsheirbhísí a chuirtear ar fáil, amhail tarraingt agus piolótaíocht.

Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta atá glactha ag na Stiúrthóirí chun comhlíonadh a ráthú maidir le hoibleagáid an Chomhlachta taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choimeád ná córais agus nósanna imeachta cuí a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Coimeádtar na taifid chuntasaíochta in oifig chláráithe an Chomhlachta, Láirionad an Phoirt, Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath 1.

Athbhreithniú Gnó

Tá mionsonraí faoi bhrabús na bliana, mar aon le suimeanna comparáideacha le haghaidh 2015, leagtha amach sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais agus sna nótaí gaolmhara. Tá Príomhtháscairí Feidhmíochta Airgeadais an ghnóthais leagtha amach thíos agus san

Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach. Bhí an tréchur 6.3% níos airde ná 2015 ag 34.9 milliún tona (2015: 32.8 milliún tona). D'fhás onnmhairí 6.7% in 2016 go dtí 14.2 milliún tona (2015: 13.3 milliún tona) agus d'fhás allmhairí 6.1% go dtí 20.7 milliún tona (2015: 19.5 milliún tona).

Ba é €81.6m láimhdeachas na bliana, méadú 5.1% ar an mbliain roimhe (2015: €77.7m).

Is ionann Costais Iomlána Oibríocháin na bliana 2016 ag €36.6m agus Costais Iomlána Oibríocháin na bliana 2015 (€36.6m). Tá méadú tagtha ar an muirear dímeasa toisc an clár caiteachais chaipitil níos airde in 2016. Ina theannta sin, tháinig iocaiocht iomarcaíochta chun cinn in 2016 (ní raibh aon chostas inchomparáide ann in 2015). Déantar cúiteamh ar na costais bhreise sin le costais phinsean níos ísle mar gheall ar an sochar seirbhíse roimhe seo a d'eascair as an tobhach pinsin.

D'fhás an Brabús Oibríocháin go dtí €45.6m in 2016 ó €42.9 in 2015, agus chruthaigh sé sin corrlach oibríocháin de 56% (2015: 55%).

Ba iad na glanchostais oibríocháin ná €0.5m (2015: €1.0m). Is ionann an Glanioncam Airgeadais agus €414k (2015: €207k). Tá ann do chreidmheas €375k i leith cistí pinsean de bharr brabúis iomláin mhéadaithe (2015: costas €184k).

Ba iad na glanmhuirir úis (gan ghlan-ús ar scéimeanna pinsean a bheith curtha san áireamh) ná €0.8m (2015: €0.8m) agus tá clúdach úis an Chomhlachta 54 huaire (2015: 51 uair), bunaithe ar Bhrabús roimh Ús agus Cáin, níos mó ná na glanmhuirir úis. Tháinig laghdú ar an nGlanairgead Tirim ó €35.1m in 2015 go dtí €3.0m in 2016, agus cloíonn an Chomhlacht go hiomlán le gach cúnant i leith a háiseanna iasachta.

Ba é brabús na bliana airgeadais ná €39.0m (2015: €36.4m).

Tháinig méadú ar an gCúlchiste Brabúis agus Caillteanais ó €313.2m amhail an 31 Nollaig 2015 go dtí €334.3m, agus tháinig méadú ar Chistí na Scairshealbhóirí ó €328.5m go dtí €349.6m sa tréimhse chéanna. Tá tréchur sprice de 36.2 milliún tona ag an gComhlacht

le haghaidh 2017. Ba é tréchur na bliana 2016 ná 34.9 milliún tona, suim a bhí 1.5% os cionn na sprice de 34.4 milliún tona.

Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha

Baineann ceann de na príomhéiginnteachtaí, a aithníodh i dtuarascálacha roimhe seo, le hacmhainn an Chomhlacht cumas a sholáthar sa mhargadh. I mí Eanáir 2012, ghlac an Chomhlacht leis an Máistirphlean 2012-2040 i ndiaidh próisis fhorleathain um chomhairliúchán poiblí, rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus measúnú comhshaoil. Tá fis sa Máistirphlean faoi conas Calafort Bhaile Átha Cliath a fhorbairt chun freastal ar mhéadú faoi dhó ar líonta an phoirt atáthar ag súil leis go dtarlóidh sé thar 30 bliain ó 2010 go dtí 2040. Cuirtear treoir straitéiseach ar fáil ann faoi úsáid talún i gCalafort Bhaile Átha Cliath agus aithnítear ann gur rud tábhachtach é an úsáid is fearr a bhaint as acmhainn ghann talún agus cé, nach mór pleanáil go cúramach ina leith agus Calafort Bhaile Átha Cliath á fhorbairt amach anseo.

Cuireadh tús in 2016 leis an obair tógála ar Thionscadal Athfhorbartha Bháisín Alexandra tar éis don chead pleanála riachtanach a fháil ó Bhord Pleanála i mí Iúil 2015, agus do na ceadanna breise a fháil in 2016 maidir le Ceadúnas Urthrá, Ceadúnas um Dhumpáil ar Muir agus Ceadúnas um Threoir na nAstaíochtaí Tionsclaíocha. Cuirfear ar fáil mar chuid den tionscadal sin timpeall trian amháin de na roghanna forbartha bonneagraí a aithníodh ar dtús sa Máistirphlean. Caithefear na ceadanna riachtanacha pleanála agus comhshaoil a fháil ar dtús chun roghanna breise forbartha a sholáthar.

I mí Eanáir 2017, sheol an Chomhlacht athbhreithniú ar an Máistirphlean agus chuir sí tús le próiseas comhairliúcháin phoiblí i dtaca leis seo. Tá sé beartaithe an t-athbhreithniú a úsáid chun roghanna forbartha bonneagraí Chalafort Bhaile Átha Cliath a nuashonrú agus a bheachtú agus, trína leithéid a dhéanamh, deimhin a dhéanamh de go gcuirtear ar fáil go fóill sa Máistirphlean an réiteach is fearr d'fhorbairt inbhuanaithe thodhchaíoch Chalafort Bhaile Átha Cliath suas chomh fada le 2040.

Mar atá léirithe ag laghdú ar an trádáil sa dara leath den bhliain 2008, agus in 2009,

tá an Chomhlacht gan chosaint, i gcúrsa a gnáthoibríochtaí, i leith thionchar moillithe ar an ngeilleagar ar ghníomhaíochtaí an Phoirt. Le ceithre bliana anuas, ba é tionchar tréchuir Phort Bhaile Átha Cliath ná 24.7%. Déanann sé sin deimhin de go bhfuil na leibhéil trádála 12.9% níos airde anois ná mar a bhí siad ag a mbuaicphointe roimhe seo in 2007. Is soiléir go mbeidh tionchar go fóill ag a bhfuil i ndán go ginearálta do gheilleagar na hÉireann, ó thaobh eacnamaíochta de, ar ionchais fáis an Chomhlachta amach anseo.

Maidir leis seo, beidh toradh iarmhartach ar líonta Phort Bhaile Átha Cliath ag tionchar na Breatimeachta ar gheilleagar na hÉireann ar an mórchoír, agus go háirithe ar an bhfás OTI. Ina theannta sin, ar leibhéal níos praiticiúla, dá gcuirfí Breatimeacht chrua i bhfeidhm agus dá dtabharfaí isteach custaim dá barr, d'fhéadfadh a bheith ar an gComhlacht acmhainní ganna talún a leithdháileadh chun imréiteach custaim a éascú sa Phort. Bheadh tionchar diúltach aige sin ar acmhainn an Chomhlachta cumas breise a chur ar fáil chun freastal ar na líonta méadaithe tréchuir.

Tá an Chomhlacht gan chosaint freisin i leith thionchar moillithe ar an ngeilleagar ar a gníomhaíochtaí neamhphríomha Poirt. Léiríodh é sin le laghdú ó €10.9m in 2001 go dtí €4.4m ag deireadh na bliana 2013 ar luach réadmhaoín in fheistíochta an Chomhlachta atá lonnaithe i bPáirc Gnó Rinn an Oirthir. Rinne ár gcomhairleoirí réadmhaoine athluacháil ar an réadmhaoín ag deireadh na bliana 2016, nuair a méadaíodh a luach €0.4m go dtí €6.3m. Faoi láthair, tá laghdú carnach €4.6m tagtha ar luach na réadmhaoine.

Tá an Chomhlacht tiomanta do neamhchosaint ar riosca a bhainistiú go rathúil agus do thionchar an riosca a íoslaghdú maidir le cuspoirí gnó a bhaint amach. Le linn 2012, athbhunaíodh an Coiste Iniúcháireachta mar Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Rinne an Bord téarmaí tagartha an Choiste a leasú chun ról an Choiste a léiriú maidir leis an mBord a thacú agus bainistíocht á déanamh aige ar neamhchosaint an Chomhlachta ar riosca.

Tá Creat Bainistíochta Riosca curtha i bhfeidhm ag an gComhlacht a bhfuil na gnéithe seo a leanas ina gcuid de:

Tuarascáil na Stiúrthóirí

(ar lean)

- ▶ Próisis chun rioscaí a aithint, a chur in ord tosaíochta agus a chur i gcatagóir,
- ▶ Rioscaí a mheas agus a thomhas go leanúnach, agus
- ▶ Monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus iad a thuairisciú don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca mar fhochoiste Boird.

Cuireadh le ról Bhainisteoir na Sláinte agus Sábháilteachta Comhshaoil chun Riosca a chur san áireamh, agus tá se beartaithe ag an gComhlacht le linn 2017 Clár na Rioscaí a athbhreithniú agus a nuashonrú, measúnú sistéamach a dhéanamh go fóill ar na rioscaí a aithnítear agus nósanna imeachta sábháilte oibriúcháin a fhorbairt.

Ina theannta sin, úsáidtear na bearta seo a leanas chun riosca iomlán na feidhmíochta gnó a bhainistiú:

- ▶ Ullmhú Buiséid Bhliantúil agus Pleananna Airgeadais Cúig Bliana,
- ▶ Tuairisciú agus Anailís ar Athraitheas mhíosúil,
- ▶ Rialuithe Airgeadais,
- ▶ Príomhtháscairí Feidhmíochta, agus
- ▶ Polasaithe, Caighdeáin agus Treoirilinte mionsonraithe chun tacú le rialú agus le maolú rioscaí.

Bainistíocht Riosca Airgeadais

De bharr a cuid oibríochtaí, tá an Chomhlacht gan chosaint i leith raon rioscaí airgeadais, lena n-áirítear riosca ráta úis, riosca creidmheasa agus riosca leachtachta agus sreabha airgid. Déantar athbhreithniú rialta ar na polasaithe chun an Chomhlacht a chosc ar rioscaí airgeadais. Níl an fhreagracht monatóireacht a dhéanamh ar an mbainistíocht riosca airgeadais fágtha faoi fhochoiste an Bhoird ag na Stiúrthóirí. Déanann Bord na Stiúrthóirí na Polasaithe a leagan amach agus cuirtear i bhfeidhm iad ag Rannóg Airgeadais an Chomhlachta.

Riosca Leachtachta agus Sreabha Airgid:

Tá meascán de mhaoiniú fiachais gearrthéarmach agus meántéarmach ag an gComhlacht, rud a dhéanann deimhin de go mbíonn rochtain aici ar chistí leordhóthanacha don infheistíocht beartaithe chaipitil. Ag

deireadh na bliana 2016, bhí áiseanna tiomanta neamhtharraingthe de €15 mhilliún curtha i bhfeidhm ag an gComhlacht. Chuir an Chomhlacht áis iasachta i bhfeidhm in 2012 in ionad a fiachais agus chun sineadh a chur leis. Bhí an áis sin le haisioc i mí an Mhárta 2017. I ndiaidh dheireadh na bliana, cuireadh áis nua mhaoinithe le Banc Uladh, a raibh luach €50m uirthi, i bhfeidhm ag an gComhlacht in ionad iomlán an fhiachais sin agus chun sineadh a chur le haibíocht fhiachas an Chomhlachta.

I mí na Nollag 2015, rinne an Chomhlacht Conradh Maoinithe leis an mBanc Eorpach Infheistíochta i leith áis mhaoinithe tionscadail de €100m. Áis 20 bliain atá ann agus bhí sí neamhtharraingthe ag deireadh na bliana 2016 agus na bliana 2015.

Is é polasaí an Chomhlachta ná an toradh ar infheistíocht a uasmhéadú trí iarmhéideanna airgid barrachais a chur i dtaisce iseariosca airgid thirim ar bhonn gearrthéarmach. Tá sainorduithe ciste curtha i bhfeidhm ag an gComhlacht le roinnt institiúidí airgeadais chun na críche sin.

Riosca Creidmheasa:

Bionn an Chomhlacht gan chosaint i leith riosca chreidmheasa i gcúrsa na trádála agus, chun an riosca seo a bhainistiú, déanann sí seiceálacha cuí creidmheasa ar ábhair chustaiméirí agus ní thrádálann sí ach le tríú páirtithe aitheanta inchairde.

Riosca Ráta Úis:

D'fhonn neamhchosaint an Chomhlacht ar ghluaiseachtaí suntasacha codarsnacha um ráta úis a bhainistiú, tá polasaí aici trina ndéantar íosmhéid 60 faoin gcéad (2015: 60 faoin gcéad) dá fiachais a choinneáil ag rátaí seasta úis. D'fhonn an cuspóir sin a bhaint amach, tá comhaontuithe babhtála um ráta úis curtha i bhfeidhm ag an gComhlacht.

Imeachtaí ó dheireadh na bliana airgeadais

An 24 Márta 2017, cuireadh an t-idirbheart um dhiolachán talún i gcrích i leith airgid thirim coinnithe in eascró. Coinníodh an t-airgead tirim sin maidir le ceannach tailte ag Páirc Lóistíochta Aerfort Bhaile Átha Cliath, a bhí faoi réir ag criosú cuí.

Mar a thugtar faoi deara thuas, chuir an Chomhlacht áis nua iasachta €50m i bhfeidhm

an 29 Márta 2017, in ionad na háise fiachais a bhí ann cheana a d'imigh in éag sa mhí cheána.

Forbairtí Todhchaíoch

Tá Clár buiséadaithe um Infheistíocht Chaipitil de €93.3m ag an gComhlacht le haghaidh 2017. Áirítear leis an gClár um Infheistíocht Chaipitil atá beartaithe le haghaidh 2017 €54.6m i leith thionscadal ABA.

Torthaí agus Díbhinní

B'ionann brabús an Chomhlachta don bhliain airgeadais agus €39.0m. Ba iad seo a leanas leithdháiltí agus moltaí na Stiúrthóirí i leith na suime sin:

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|--|---------------|---------------|
| Díbhinn Eatramhach de €0.943 (2015: €0.76) an ghnáthscair íoctha | 10,912 | 8,800 |
| Méadú ar an mBrabús Coinnithe | 28,128 | 27,572 |
| Brabús don Bhliain Airgeadais | 39,040 | 36,372 |

Níl sé beartaithe ag na Stiúrthóirí díbhinn deiridh a fhógairt.

Leasanna na Stiúrthóirí agus an Rúnaí

Ní raibh aon leas ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí i scairchaipiteal na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2016 agus an 31 Nollaig 2015.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas

Is é polasaí an Chomhlacht soláthróirí a íoc i gcomhréir le Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002 agus leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997.

Chuirge sin, tá gnáthaimh íocaíochta an Chomhlacht deartha chun cinnteacht réasúnta a thabhairt i gcoinne neamhchomhlionta ábhartha le téarmaí na Rialachán. Is é 30 lá an tréimhse chaighdeánach chreidmheasa, ach amháin má shonraítear a mhalairt sna socruithe conartha. Rinneadh formhór na n-íocaíochtaí de réir uimhreach agus luacha laistigh den tréimhse chuí chreidmheasa de réir mar is gá. Ar an ábhar sin, tá na Stiúrthóirí sásta gur chloigh an Chomhlacht le riachtanais an Achta.

Stiúrthóirí

Tá leagtha amach thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ina Stiúrthóirí ag aon am le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2016.

| | |
|-------------|--|
| L McCaffrey | |
| E O'Reilly | |
| P Bates | |
| H Collins | (téarma oifige imithe in éag an 26 Iúil 2016) |
| E Finnan | (téarma oifige imithe in éag an 21 Feabhra 2016, athcheaptha an 22 Samhain 2016) |
| G Darling | |
| P Magner | (téarma oifige imithe in éag an 31 Nollaig 2016) |
| J Moore | |

Caidreamh le Scairshealbhóirí

Bíonn an fheidhmíocht trádála, na pleananna don todhchaí agus fadhbanna straitéiseacha á bplé go leanúnach ag an gCathaoirleach, ag an bPríomhfheidhmeannach agus ag an lucht bainistíochta le scairshealbhóirí an Chomhlacht. Bíonn ar an Aire Iompair agus/nó ar an Aire Airgeadais ábhair shonraithe ar leith a fhaomhadh, agus déantar cumarsáid leanúnach leis an Aire ábhartha trína ranna faoi seach. Bíonn an Cathaoirleach freagrach don Aire Iompair mar a éilítear faoi Alt 28 den Acht Cuanta, 1996 agus faoin Chód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Rialachas Corparáideach

Tá Comhlacht Chalafort Átha Cliath tiomanta do na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde a chaomhnú, agus tá sí tar éis glacadh le prionsabail an rialachais chorparáidigh agus leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais i mí na Bealtaine 2009. An 1 Meán Fómhair 2016, rinneadh an Cód Cleachtas a nuashonrú. Cuirfear forálacha an Chóid nuashonraithe i bhfeidhm sa tréimhse tuairiscithe airgeadais a thosaíonn ar an 1 Eanáir 2017. Chomh maith leis sin, cloíonn an Chomhlacht lena hoibleagáidí faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

Baill neamhfheidhmeacha is ea an chuid is mó de na Stiúrthóirí agus ceaptar ag an Aire iad. Tagann an Bord le chéile go foirmiúil gach mí agus cuirtear sceideal foirmiúil ábhar faoina bhráid go heisiach chun cinneadh a dhéanamh ina leith. Tá an Bord freagrach as cumhachtaí uile na Comhlachta a fheidhmiú, seachas na cinn atá curtha i

leataobh le haghaidh na nGeallshealbhóirí, agus tá comhfhreagracht air as oibriochtaí uile na Comhlachta. Féadfaidh an Bord a chuid cumhachtaí a tharmligean mar is mian leis, do Choiste Boird nó don Phríomhfheidhmeannach, faoi réir ag na srianta nó an rialaithe a fhorchuirtear lena leithéid de tharmligean. Faoi réir ag cead aireachta i gcásanna áirithe, rinne an Bord forchoimeád cinntí a fhaomhadh maidir le feidhmeanna áirithe sna réimsí seo a leanas: Rialachas, Maoiniú, Soláthar, Oibriochtaí agus Ceapacháin Acmhainní Daonna. Tá rochtain ag an mBord ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí an Chomhlacht agus is féidir leis comhairle neamhspleách ghairmiúil a fháil nuair a mheastar go bhfuil sé riachtanach.

Bhunaigh an Bord Coiste Iniúchóireachta i 1997 faoi théarmaí foirmiúla tagartha. Athbhunaíodh an Coiste seo in 2012 mar an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca. Leagadh amach sna téarmaí tagartha cuspóir, údarás agus ballraíocht an Choiste, mar aon lena fhreagrachtaí sna réimsí seo a leanas: tuairisciú seachtrach airgeadais, iniúchadh seachtrach, rialachas corparáideach agus iniúchadh inmheánach. Nuair a tháinig deireadh le téarmaí oifige Iníon Emer Finnan agus Iníon Helen Collins, a chruthaigh dhá fholúntas sa Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, thug an Bord faoi ról an Choiste le héifeacht ón 21 Iúil 2016. Athcheapadh Iníon Emer Finnan chuig an mBord an 22 Samhain 2016 agus, ina dhiaidh sin, mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca á chur i bhfeidhm go fóill ag iomlán an Bhoird, agus déanfar amhlaidh go dtí go líonfar an dá fholúntas Bhoird.

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huair le linn na bliana. Ba iad baill an Choiste i gcúrsa na bliana ná Iníon Emer Finnan (Cathaoirleach), Iníon Helen Collins, an tUas. Pat Magner, an tUas. Paul Bates, an tUas. Geoffrey Darling, Iníon Lucy McCaffrey, an tUas. John Moore agus an tUas. Eamonn O'Reilly.

Chomh maith leis sin, bhunaigh an Bord Coiste Luach Saothair in 1999. Ba iad baill an choiste le linn na bliana ná Iníon Lucy McCaffrey (Cathaoirleach), an tUas. Pat Magner agus an tUas. Geoffrey Darling. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí foirmiúla tagartha.

Maidir leis an gCoiste um Thimpeallacht Polasaithe a bunaíodh roimhe seo, d'aontaigh an Bord go mbeadh sé níos fearr d'iomlán an Bhoird dul i ngleic le nádúr straitéiseach na bhfadhbanna atá ábhartha lena mbreathnú. Áirítear leis na hábhair sin an reachtaíocht AE agus intire, polasaí iompair ar leibhéal AE agus ar leibhéal náisiúnta agus polasaí iomaíochta. Bhí an tUas. Paul Bates (Cathaoirleach), Iníon Lucy McCaffrey, an tUas. John Moore agus an tUas. Eamonn O'Reilly ina mbaill den Choiste sin.

Freastal ar Chruinnithe

Tionóladh 11 Chruinniú Ghinearálta Bhoird le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2016.

Freastal na Stiúrthóirí ar chruinnithe an Bhoird:

Tuarascáil na Stiúrthóirí

(ar lean)

| | I láthair | Incháilithe chun bheith i láthair |
|-------------|-----------|-----------------------------------|
| L McCaffrey | 10 | 11 |
| E O'Reilly | 10 | 10 |
| P Bates | 11 | 11 |
| H Collins | 7 | 7 |
| E Finnan | 3 | 3 |
| G Darling | 11 | 11 |
| P Magner | 11 | 11 |
| J Moore | 10 | 11 |

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

| | | |
|-------------|---|---|
| E Finnan | 2 | 2 |
| P Bates | 2 | 2 |
| H Collins | 2 | 2 |
| G Darling | 2 | 2 |
| P Magner | 3 | 4 |
| L McCaffrey | 2 | 2 |
| J Moore | 2 | 2 |
| E O'Reilly | 2 | 2 |

An Coiste Luach Saothair

Níor tháinig an Coiste Luach Saothair le chéile le linn na bliana. Phléigh iomlán an Bhoird leis na hábhair uile le linn 2016.

Speansais na Stiúrthóirí

Íocadh speansais €3,258 leis an mBord le linn na bliana i leith speansas eile.

Rialuithe Inmheánacha

Tá freagracht iomlán ar an mBord as córais rialaithe inmheánaigh an Chomhlacht. Ní féidir leis na córais sin atá á gcoinneáil ag an gComhlacht ach gealltanais réasúnta a thabhairt, seachas gealltanais iomlán, go ndéantar idirbhearta i gcomhréir le húdarán an lucht bainistíochta go gcosnaítear sócmhainní, go gcuirtear cosc ar chalaos agus go gcoinnítear taifid chearta airgeadais. Deimhníonn an Bord go bhfuil athbhreithniú déanta aige ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh.

Chun deimhin a dhéanamh de go gcuirtear rialuithe inmheánacha an Chomhlachta i bhfeidhm go héifeachtúil, fostaíodh pearsanra cáilithe agus leithdháileadh na dualgais i gceart idir eatarthu.

Áirítear le córais an rialaithe inmheánaigh:

- ▶ Déantar rioscaí gnó a aithint agus a dtionchair airgeadais a mheas trí athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar Phlean Straitéiseach an Chomhlachta. Tugtar achoimre thuas ar Chreat Bainistíochta Riosca na Comhlachta faoin cheannteideal "Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha". Ghlac an Bord leis an bPlean Straitéiseach is déanaí don tréimhse 2017 go dtí 2021 i mí na Nollag 2016;
- ▶ Buiséad bliantúil faofa ag an mBord agus measúnú míosúil ar fhiorthorthaí i gcomparáid le réamhaisnéisí buiséid;
- ▶ Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a bunaíodh chun na rudaí seo a leanas a athbhreithniú agus a phlé leis na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha: rialuithe inmheánacha chuntasaíochta an Chomhlacht, an fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaí, rogha na bpolasaithe cuntasaíochta, pleananna iniúcháireachta inmheánaí agus seachtraí, tuarascáil reachtúil na n-iniúcháirí, an tuairiscíú airgeadais agus ábhair ghaolmhara eile;
- ▶ Feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí trína ndéantar athbhreithniú ar phríomhphróisis agus ar phríomhrialuithe gnó;
- ▶ Cóid fhoirmiúla iompair le haghaidh Stiúrthóirí agus fostaithe; agus
- ▶ Polasaithe agus nósanna imeachta soláthair. Ar an gcead dul síos, déanann siad sin deimhin de go dtéitear i mbun gníomhaíochtaí soláthair chun luach ar airgead a sholáthar i dtéarmaí chostais fhoriomlána an tsaolré agus, lena chois sin, go gcloítear leis na Treoirí Stáit agus na Treoracha AE ábhartha uile a bhfuil feidhm acu maidir le Fóntais Phoiblí.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, tríd an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Rinne an tIniúcháir Inmheánach athbhreithniú ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh agus níor thángthas ar aon laigí suntasacha rialaithe a bhfuil riosca suntasach ag baint leo maidir le caillteanas airgeadais nó cur isteach oibríochtúil, a éilíonn cúram láithreach ag leibhéal an Bhoird.

Ráiteas comhlíonta

Admhaíonn Stiúrthóirí an Chomhlacht go bhfuil siad freagrach as comhlíonadh an Chomhlacht lena hoibleagáidí ábhartha a ráthú (mar atá sainmhínithe in Acht na gCuideachtaí 2014 ("Acht 2014")) agus, mar atá éilithe faoi alt 225 den Acht 2014, deimhníonn na Stiúrthóirí:

- gur ullmhaíodh ráiteas um polasaí comhlíonta ina leagtar amach polasaithe an Chomhlacht maidir lena hoibleagáidí ábhartha faoin Acht 2014 a chomhlíonadh;
- gur cuireadh socruithe agus struchtúir i bhfeidhm a mheasann na Stiúrthóirí gur leor iad chun comhlíonadh ábhartha le hoibleagáidí cuí an Chomhlacht a ráthú; agus
- go ndearnadh athbhreithniú ar na socruithe agus struchtúir le linn na bliana airgeadais lena mbaineann Tuarascáil na Stiúrthóirí.

Síntiúis Pholaitíochta

Níor íoc an Bord as aon tabhartais pholaitíochta le linn na bliana.

Nochtadh Faisnéise do na hIniúcháirí

Tá sé deimhnithe ag gach Stiúrthóir a bhí in oifig amháil ar dháta na tuarascála seo:

- ▶ Go bhfios dó/di, nach bhfuil aon fhaisnéis ábhartha iniúchta ann nach bhfuil ar eolas ag iniúcháirí reachtúla an Chomhlacht; agus
- ▶ Go bhfuil na bearta go léir déanta aige/aici gur cheart a bheith déanta aige/aici mar Stiúrthóir chun eolas a fháil ar aon fhaisnéis ábhartha iniúchta agus chun a dhearbhu go bhfuil an fhaisnéis sin ar eolas ag iniúcháirí reachtúla an Chomhlacht.

Iniúcháirí Reachtúla

Léirigh na hiniúcháirí reachtúla, PricewaterhouseCoopers, go bhfuil siad sásta leanúint de bheith in oifig, agus molfar rún chun a n-athcheapadh ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil.

Thar ceann an Bhoird

Lucy McCaffrey
Eamonn O'Reilly

31 Márta 2017

Tuarascáil na nIníúcháirí Neamhspleácha chuig na baille de Chomhlacht Poirt Bhaile Átha Cliath

Tuarascáil ar na Ráitis Airgeadais

Dar linn go dtugann ráitis airgeadais Phort Bhaile Átha Cliath Teoranta (na "ráitis airgeadais"):

- ▶ léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Chomhlachta amhail an 31 Nollaig 2016 agus ar a bhrabús agus ar a shreabhadh airgid don bhliain dar críoch sin;
- ▶ go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe i gceart i gcomhréir leis an gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis go Ginearálta in Éirinn; agus
- ▶ go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe i gceart i gcomhréir le riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

Na rudaí a bhfuil iniúchadh déanta againn orthu

Is éard atá sna ráitis airgeadais ná:

- ▶ an Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2016;
- ▶ an Cuntas Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar críoch sin;
- ▶ an Ráiteas ar Ioncam Chuimsitheach don bhliain dar críoch sin;
- ▶ an Ráiteas ar Athruithe Iomlán na Ghnáthscaireanna don bhliain dar críoch sin;
- ▶ an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch sin;
- ▶ na Polasaithe Cuntasaíochta; agus
- ▶ na Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais, a bhfuil faisnéis eile mhíniúcháin iontu.

Is é an creat um thuirisciú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm le linn do na ráitis airgeadais a bheith á n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuirisciú Airgeadais agus arna gcuireadh i bhfeidhm ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis go Ginearálta in Éirinn), lena n-áirítear CTA 102 "An Caighdeán um Thuirisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann".

Le linn don chreat um thuirisciú airgeadais a bheith á chur i bhfeidhm, rinne na stiúrthóirí roinnt breithiúnas suibhachtúil, mar shampla i leith meastachán suntasach cuntasaíochta.

Le linn do na meastacháin sin a bheith á ndéanamh, rinne siad toimhdí agus chuir siad imeachtaí todhchaíochta san áireamh.

Ábhair a bhfuil dualgas orainn tuairisc a thabhairt orthu de réir Acht na gCuideachtaí 2014

- ▶ Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn a mheasaimid go bhfuil siad riachtanach chun críocha an iniúchta againn.
- ▶ Dar linn gur leor taifid chuntasaíochta an Chomhlachta chun iniúchadh réidh agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.
- ▶ Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- ▶ Dar linn go gcloíonn an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais.

Ábhair a bhfuil dualgas orainn a thuirisciú go heisceachtúil Luach saothair agus idirbhearta na Stiúrthóirí

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, éilítear orainn a thuirisciú duit mura ndearnadh luach saothair agus idirbhearta na Stiúrthóirí a nochtadh mar atá sonraithe in ailt 305 go dtí 312 den Acht, de réir ár dtuairime. Níl aon eisceachtaí le tuairisciú againn a eascraíonn as an bhfreagracht sin.

Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), éilítear orainn a thuirisciú duit mura léiríonn an ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais atá riachtanach faoin gCód, mar atá curtha san áireamh sa Ráiteas ar Rialachas Corparáideach ar leathnach 31, go bhfuil an Chomhlacht ag cloí le mír 13.1 (iii) den Chód nó nach bhfuil an ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn mar thoradh ar ár n-obair iniúchta ar na ráitis airgeadais. Níl aon eisceachtaí le tuairisciú againn a eascraíonn as an bhfreagracht sin.

Freagrachtaí maidir leis na ráitis airgeadais agus an iniúchadh

Ar bhfreagrachtaí agus freagrachtaí na Stiúrthóirí

Mar a thugtar míniú níos iomláine air sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 28, is iad na Stiúrthóirí atá freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugtar léargas fíor agus cóir iontu.

Táimid freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus as tuairim a chur in iúl ina leith, i gcomhréir le dlí na hÉireann agus le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an RA agus Éire). Faoi na caighdeáin sin, éilítear orainn cloí le Caighdeáin Eiticíúla na nIníúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta.

Ullmhaíodh an tuarascáil seo, na tuairimí san áireamh, le haghaidh bhail an chomhlachta mar fhoras, i gcomhréir le halt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus chun na críche sin amháin. Trí na tuairimí sin a thabhairt, ní ghlacaimid agus ní ghabhaimid freagracht orainn féin ar mhaithe le haon chríoch eile ná le haon duine eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dóibh nó a bhfaighidh seilbh uirthi, ach amháin nuair a aontaítear é sin go sainráite i scríbhinn roimh ré.

Tuarascáil na nIníúcháirí Neamhspleácha chuig na baill de Chomhlacht Poirt Bhaile Átha Cliath

(ar lean)

Cad é atá i gceist le hiniúchadh ar na ráitis airgeadais

Rinneamar ár n-iníúchadh i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an RA agus Éire). Is éard is iniúchadh ann ná nuair a dhéantar fianaise a fháil faoi na suimeanna agus an fhaisnéis nochtta atá sna ráitis airgeadais, ar leor iad chun gealltanais réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé an chialais nó earráid ba chúis leis. Mar chuid den iniúchadh, déantar na rudaí seo a mheas:

- ▶ cibé an bhfuil na polasaithe cuntasáiochta oiriúnach d'imeas an Chomhlachta, ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad;
- ▶ a réasúnta agus atá meastacháin shuntasacha chuntasáiochta na Stiúrthóirí; agus
- ▶ cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Dírímid ár gcuid oibre go príomha ar na réimsí sin trí bhreithiúnais na Stiúrthóirí a mheas i gcoinne na fianaise a bhfuil fáil uirthi, agus déanaimid ár mbreithiúnais féin. Chomh maith leis sin, déanfaimid measúnú ar an bhfaisnéis a nochtar sna ráitis airgeadais.

Déanaimid faisnéis a thástáil agus a scrúdú, trí úsáid a bhaint as an tsampláil agus as teicnící eile iniúcháireachta, sa mhéad a mheasaimid a bheith riachtanach chun bunús réasúnta a sholáthar chun teacht ar ár dtuairimí féin. Faighimid fianaise trí

éifeachtúlacht na rialuithe, na nósanna imeachta tábhachtacha nó meascáin den dá rud sin a thástáil.

Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá sa Tuarascáil Bhliantúil chun míráitis airgeadais leis na ráitis iniúchta airgeadais a aithint, agus chun aon fhaisnéis atá mícheart ó thaobh ábhair de bunaithe ar an bhfaisnéis a fuairamar i gcúrsa an iniúchta, nó nach dtagann leis an bhfaisnéis sin de réir ábhair de, a aithint. Má chuirtear aon mhírítis nó neamhréireachtaí dealraitheacha ábhair in iúl dúinn, déanfaimid a dtionchair dár dtuarascáil a mheas.

Enda McDonagh

ar son agus thar cheann
PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht
Iniúcháireachta Reachtúla
Baile Átha Cliath

31 Márta 2017

Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais shuntasacha chuntasaíochta a úsáideadh in ullmhú na ráiteas airgeadais seo leagtha amach thíos. Tá na beartais seo curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach sna blianta airgeadais go léir atá curtha i láthair ach amháin má luaitear a mhalairt. Ghlac an comhlacht le CTA 102 den chéad uair riamh i ráitis airgeadais 2015.

Bunús an ullmhúcháin

Ullmháid na ráitis airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, mar atá leasaithe ag tomhas na maoin infheistíochta agus sócmhainní agus dliteanas airgeadais áirithe ar luach cóir trí bhrabús nó chailteanas.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le CTA 102 is gá úsáid a bhaint as boinn tuisceana lárnacha áirithe maidir leis an todhchaí, agus foinsí eile éiginnteacht meastacháin ar dháta an tuairiscithe. Freisin ceanglaíonn sé ar na Stiúrthóirí a mbreithiúnas a dhéanamh agus beartais chuntasaíochta an chomhlachta á gcur i bhfeidhm. Nochtar i nóta 3 na réimsí ina bhfuil leibhéal níos airde de bhreithiúnas ag teastáil nó réimsí áit a bhfuil baol nach beag ann go gcuirfidh boinn tuisceana agus meastacháin le coigeartú ábhartha ar luach carraireachta sócmhainní agus dliteanas laistigh den bhliain airgeadais dar gcionn.

Gnóthas leantach

Tar éis fiosruithe a dhéanamh, tá na Stiúrthóirí ag súil go réasúnta go bhfuil dóthain acmhainní ag an gComhlacht le leanúint ar aghaidh i mbun oibriúcháin go gceann i bhfad. Mar sin leanann an Comhlacht ar aghaidh ag glacadh le bonn an ghnóthais leantach agus a cuid ráiteas airgeadais á n-ullmhú.

Aithint ioncain

Déantar ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó atá infhaighte agus is ionann é agus an méid atá infhaighte le haghaidh seirbhíse arna soláthar, glan ó thorthaí, lascaí agus lacáistí arna gceadú ag an gComhlacht agus cánacha breisluacha.

Aithníonn an Comhlacht ioncam áit ar féidir méid an ioncain agus na gcostas a thomhas go hiontaoifa; is dócha go rachaidh tairbhí amach anseo chuig an aonán agus nuair a bheidh na critéir comhlíonta a bhaineann

le gach ceann de chainéil diolacháin an Chomhlachta, mar a chuirtear síos air thíos.

Dleachtanna Calafóirt:

Eascraíonn Dleachtanna Poirt ó mhuirir ar úsáideoirí poirt agus tá siad déanta suas de dhleachtanna earraí, dleachtanna árthaí agus seirbhíse lárnacha eile a chuirtear ar fáil ar nós tarraingt agus piolótaíochta. Gearrtar Dleachtanna Earraí de réir sceideal muirear atá bunaithe ar Aicmithe Trádála Idirnáisiúnta Caighdeánacha. Gearrtar Dleachtanna Árthaí i dtaobh theacht árthaigh agus tá rátaí bunaithe agus inmhuirir ar ghlantonnáiste nó leath d'olltonnáiste an árthaigh, cibé acu is mó. Is ar bhonn úsáide a ghearrtar muirir as Seirbhíse Tarraingthe agus Piolótaíochta.

Aithnítear Dleachtanna Poirt de réir an dáta ar a thagann an t-árthach isteach sa Phort.

Cíosanna:

Eascraíonn ioncam cíosa go príomha ó mhaoín ar cíos a bhaineann leis an gcalafort agus aithnítear é de réir na tréimhse lena mbaineann an cíos. Is de réir théarmaí an chomhaontú cíosa a ghearrtar cíos.

Ioncam Eile:

I measc ioncain eile atá cuimsithe i Láimhdeachas Táillí Ceadúnais agus ioncam ó Stáisiún Seirbhíse agus Páirc Trucaillí comhtháite an Chomhlachta. Eascraíonn ioncam cíosa go príomha ó mhaoín ar cíos a bhaineann leis an gcalafort agus aithnítear é de réir na tréimhse lena mbaineann an cíos.

Ioncam Eile:

Ina theannta sin tuilleann an Chomhlacht ioncam ó ús agus dheontais. Tugtar cuntas i leith gach ceann de na sruthanna ioncain sin mar atá leagtha amach thíos:

Ioncam Úis:

Aithnítear ioncam úis trí mhodh an ráta úis ghlain. Cuirtear ioncam úis i láthair mar 'ús infhaighte' sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais.

Ioncam Deontais

Cuireann an Comhlacht an tsamhail fabhrúithe i bhfeidhm agus ioncam deontais á aithint. Aithnítear deontais a bhaineann le hioncam ar bhonn córasach i gcaitheamh na dtréimhsí ina n-aithníonn an Comhlacht

na costais bhainteacha a bhfuil an deontas ceaptha le cúiteamh. Maidir le deontas a thagann chun bheith infhaighte mar chúiteamh as speansais a fulaingíodh cheana féin agus gan aon chostais bhainteacha sa todhchaí i gceist aithnítear mar ioncam é sa tréimhse a thagann sé chun bheith infhaighte.

Aithnítear deontais a bhaineann le sócmhainní in ioncam ar bhonn córasach thar shaol úsáideach measta na sócmhainne. Áit a ndéantar deontas a bhaineann le sócmhainn a iarchur aithnítear mar ioncam iarchurtha é agus ní asbhaintear é de luach carraireachta na sócmhainne.

Ní aithnítear ioncain go dtí go bhfuiltear cinnte go réasúnta:

- go gcomhlíonfaidh an Comhlacht na coinníollacha a ghabhann leo; agus
- go bhfaightear na deontais.

Áit a dtagann deontas chun bheith infhaighte aithnítear mar dhliteanas é nuair a réitíonn an aisiocáíocht leis an sainmhíniú ar dliteanas.

Sócmhainní seasta inláimhsithe

(i) Costas

Sonraítear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas ar dháta an aistriú chuig CTA 102, lúide dimheas carntha agus cailteanais charntha i ndáil le lagú, ach amháin maoin infheistíochta an Chomhlachta, a shonraítear ag luach cóir. Féach le do thoil an beartas ar leith maidir le maoin infheistíochta thíos.

Cuimsítear sa chostas an bunchostas ceannaigh, costais atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a thógáil chuig a hionad oibre agus chuig an riocht dá húsáid cheaptha, costais díchoimeála agus aisghabhála agus costais iasachta caipitilthe.

Is iad sócmhainní bonneagair ná na sócmhainní sin atá tréithrithe mar shaol úsáideach beagnach gan teorainn a bheith acu agus a tógadh, go ginearálta, roinnt blianta ó shin ach nach cosúil go dtógfaí mar sin sa lá atá inniu ann. Ina measc tá sócmhainní Balla an Bhulla Thuaidh agus Balla an Bhulla Theas. Iompraítear sócmhainní bonneagair ar luach nialais agus gearrtar an costas as a gothabháil chun an Chuntas Brabúis agus Cailteanais.

Beartais Chuntaíochta

(ar lean)

(ii) Dímheas agus luachanna iarmharacha

Ríomhtar dímheas ar shócmhainní, agus úsáid á baint as modh na líne díri, chun an costas a leithdháileadh ar a luachanna iarmharacha thar an saol úsáideach measta mar seo a leanas:

| | |
|---|-------------------|
| Foirgnimh, céanna, bóithre agus críochfoirt | 50 bliain |
| Struchtúir duga, dugai tirime agus céanna | 30 - 50 bliain |
| Dreidireacht chaipitil | 30 bliain |
| Árthaí snámha | suas go 30 bliain |
| Craenacha | suas go 30 bliain |
| Gléasra agus innealra | 2 - 30 bliain |
| Dreidireacht ghnáthúil | 2 bhliain |

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha agus saol úsáideach na sócmhainní, agus déantar iad a choigeartú, más cuí, ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe. Is ar bhonn ionchasach a thugtar cuntas i leith éifeacht aon athraithe.

(iii) Breiseanna ina dhiaidh sin agus comhpháirteanna móra

Cuimsítear costais ina dhiaidh sin, agus cigireachtaí móra san áireamh, i luach carraireachta na sócmhainne nó aithnítear mar shócmhainn ar leith í, más cuí, ach ní dhéantar é sin ach más dócha go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíochta a bhaineann leis an mír chuig an gComhlacht agus gur féidir an costas a thomhas go hiontaoifa.

Dí-aithnítear luach carraireachta aon chomhpháirte a gcuirtear ceann nua ina hionad. Déileáiltear le comhpháirteanna móra mar shócmhainn ar leith má tá patrúin úsáide agus tairbhí eacnamaíochta atá difriúil go leor ag baint leo agus má dhéantar iad a dhímheas ar leith thar a saol úsáideach.

Cláraítear mar chaiteachas costais deisiúcháin, cothabhála agus mionchigireachta de réir mar a fhuilgítear iad.

(iv) Sócmhainní le linn tógála

Is ag costas a iompraítear sócmhainní le linn tógála. Ní dhéantar na sócmhainní sin a dhímheas go mbeidh siad ar fáil le húsáid.

(v) Dí-aithint

Déantar sócmhainní inláimhsithe a dhí-aithint nuair a dhiúsraítear iad nó áit nach bhfuil súil le haon tairbhí eacnamaíochta amach anseo. Nuair a dhiúsraítear sócmhainn, aithnítear an difríocht idir glanfháltais an diúscairtha agus an luach carraireachta i mbrabús nó cailiteanas agus cuirtear i “Brabús ar dhiúscairt sócmhainní” é.

Dreidireacht

Déantar dreidireacht chaipitil, a fheabhsaíonn bealach isteach nó bonneagar an Phoirt, a chaipitliú mar chuid den tsócmhainn sheasta ghaolmhar agus déantar é a dhímheas thar a saol úsáideach measta.

Maoin infheistíochta

Déanann an Comhlacht maoin infheistíochta a thomhas ag a costas nuair a aithnítear i dtosach í. Tá an costas as maoin infheistíochta cheannaithe déanta suas dá praghas ceannaigh agus d'aon chostas atá inchurtha díreach ina leith ar nós táillí gairmiúla as seirbhísí dlí, cánacha um aistriú maoin agus costais idirbhirt eile. Cláraítear costais arna bhfulaingt agus staidéir mhargaidh á ndéanamh sula gceannaítear maoin de réir mar a fhuilgítear iad.

Déantar maoin infheistíochta ar féidir a luach cóir a thomhas go hiontaoifa gan chostas ná iarracht iomarcach ar luach cóir ar gach dáta tuairiscithe agus aithnítear athruithe ar luach cóir i mbrabús nó cailiteanas.

D'fhostaigh an Comhlacht speisialtóirí luachála neamhspleácha chun luach cóir a shainiú ar an 31 Nollaig 2016. Minítear níos mó i nóta 12 na boinn tuisceana lárnacha a úsáidtear chun luach cóir na maoin infheistíochta a shainiú.

Cé gur gnách go n-éileofaí dímheas córasach bliantúil ar shócmhainní seasta de réir Achtanna na gCuideachtaí, creideann na Stiúrthóirí go bhfuil gá leis an mbeartas maidir le gan dímheas a sholáthar chun go dtabharfadh na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cóir, ós rud é gurb é luach reatha na maoin infheistíochta, agus athruithe ar a luach, atá ríthábhachtach in ionad dímheas bliantúil córasach a ríomh. Níl i ndímheas ach ceann amháin de na fachtóirí éagsúla atá léirithe sa luacháil bhliantúil, agus ní féidir an méid, a d'fhéadfadh go gcuirfí san áireamh é

murach sin, a aithint nó a chainníochtú as féin.

Sócmhainní inláimhsithe

Iompraítear bonneagar ríomhaire ar chostas lúide cailiteanais amúchta carntha agus cailiteanais lagaithe carntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach measta, mar atá 10 mbliana, ar bhonn líne díri. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Áit a dtugann fachtóirí, ar nós dul chun cinn teicneolaíoch nó athruithe ar phraghsanna margaidh, le fios gur athraigh saol úsáideach bogearraí, déantar an saol úsáideach a athrú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a léiriú. Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú um lagú má thugtar le fios go bhféadfadh go lagófaí an tsócmhainn sheasta inláimhsithe.

Lagú sócmhainní neamhairgeadais

Ar dháta gach Clár Comhardaithe déantar sócmhainní neamhairgeadais nach bhfuil á n-iompar ar luach cóir a mheas chun socrú an bhfuil comhartha ann go bhféadfadh go lagófaí an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne). Má tá a leithéid de chomhartha ann meastar luach inaisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is é luach inaisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) ná luach cóir na sócmhainne lúide costais agus luach úsáide na sócmhainne, cibé acu is airde. Is é an luach úsáide ná luach reatha an sreabadh airgid don todhchaí a meastar go gcinneadh siad ó úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an t-aonad giniúna airgid) agus óna diúscairt sa deireadh. Agus luach úsáide á thomhas déantar sreabadhí airgid réamhchánach agus úis a lascaíniú agus úsáid á baint as ráta lascaíne réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí atá sonrach don tsócmhainn ná athraíodh na meastacháin shreabadh airgid don todhchaí lena haghaidh.

Má mheastar go bhfuil méid inaisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) níos ísle ná an luach carraireachta, lagdaítear an luach carraireachta chuig a luach inaisghabhála. Aithnítear cailiteanas lagaithe sa chuntas Brabúis agus Cailiteanais, ach amháin má rinneadh an tsócmhainn a athluacháil áit a n-aithnítear an méid in aon loncam

Cuimsitheach eile go méid atá comhionann le haon athluacháil aitheanta roimhe sin. Ina dhiaidh sin aithnítear aon bharrachas i mbrabús nó cailteanas.

Má iompaíonn cailteanas lagaithe sa treo eile ina dhiaidh sin, méadaítear luach carraeireachta na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) chuig meastachán athbhreithnithe a méid inaisghabhála, ach amháin sa mhéid is nach sáraíonn an luach carraeireachta athbhreithnithe an luach carraeireachta a dhéanfaí a shocrú (glan ó dhímheas) mura n-aithneofaí aon cailteanas lagaithe i dtréimhsí roimhe sin. Aithnítear iompú cailteanas lagaithe i dtreo eile sa chuntas Brabúis agus Cailteanas, ach amháin má iompaítear an tsócmhainn ag méid athluacháilte.

Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead ar láimh, taiscí ar glao le bainc, infheistíochtaí gearrthéarmacha ardleachtachta eile a bhfuil aibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú ag baint leo. Maidir le taiscí bainc a bhfuil dátaí aibíochta tosaigh acu de níos mó ná trí mhí ní airgead ná coibhéisí airgid iad agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainne reatha.

Airgead srianta

Tá Airgead Srianta déanta suas d'airgead a choimeádtar i gcuntas eascró agus atá imfhálaithe do shocrúithe sonracha maoinithe, agus nach bhfuil teacht againn air.

Fardail

Sonraítear fardail ag costas. Is míreanna intomhalta iad fardail agus aithnítear mar speansas iad sa tréimhse ina n-úsáidtear iad.

Áirítear leis an gcostas an costas ceannaigh, agus áit is cuí, dleachtanna ar allmhairí agus costais iompair.

Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déantar measúnú ar shócmhainní um lagú. Má tá mír san fhardal lagaithe, lagdaítear an fardal aitheanta go dtí a mhéid inaisghabhála agus aithnítear muirear lagaithe sa chuntas Brabúis agus Cailteanas. Áit a n-aithnítear cealú laige cealaítear an muirear lagaithe,

suas go dtí an cailteanas lagaithe tosaigh, agus aithnítear mar chreidmheas é a chuntas Brabúis agus Cailteanas.

Airgeadraí eachtracha

(i) Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe

Is é airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe an Chomhlachta ná an euro, agus é ainmnithe ag an tsiombail “€” agus mura sonraítear a mhalairt, tá na ráitis airgeadais tuairiscithe sna mílte (‘000).

(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta in airgeadra eachtrach go dtí an t-airgeadra feidhmiúil agus úsáid á baint as rátaí malairte ar an láthair ar dhátaí na n-idirbheart.

Ag deireadh gach tréimhse aistrítear míreanna airgid airgeadra go Euro agus an ráta reatha á úsáid. Aistrítear míreanna neamhairgid arna dtomhas ag costas stairiúil agus úsáid á baint as an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgid arna dtomhas ag luach cóir a thomhas agus úsáid á baint as an ráta malairte a bhí i bhfeidhm nuair a socraíodh an luach cóir.

Aithnítear sa Chuntas Brabúis agus Cailteanas gnóthachain agus cailteanas malairte eachtraí ag eascairt ó shocrú idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte dheireadh na tréimhse le haghaidh sócmhainní agus dliteanas airgeadais ainmnithe in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear gnóthachain agus cailteanas airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí chomh maith le hairgead agus coibhéisí airgid i láthair sa chuntas Brabúis agus Cailteanas in ‘ús iníochta/infhaighte’. Cuirtear gach gnóthachan agus cailteanas airgeadra eachtraigh eile i láthair sa chuntas Brabúis agus Cailteanas i ‘speansas riaracháin’.

Sochair fostaithe

Cuireann an Comhlacht réimse sochar ar fáil d'fostaithe, lena n-áirítear socruithe, lena n-áirítear sochair ghearrthéarmacha fostaí mar shocrúithe maidir le saoire íochta agus sochair iarfhóstaíochta ar nós pleannanna pinsin le sochair sainithe agus le ranníocaíocht shainithe agus socruithe bliantúla bónaís, le haghaidh fostaithe áirithe.

(i) Sochair ghearrthéarmacha

Déantar sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá agus tuarastail, pá saoire agus sochair neamhairgeadais eile dá shamhail a aithint mar chostas sa tréimhse ina mbaintear leas as an tseirbhís.

Feidhmíonn an Comhlacht plean bliantúil bónaís le haghaidh fostaithe áirithe. Aithnítear speansas sa chuntas Brabúis agus Cailteanas nuair atá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe reatha ar an gComhlacht íocaíochtaí a dhéanamh faoin bplean mar thoradh ar imeachtaí san am atá thart agus nuair is féidir an oibleagáid a mheas go hiontaofa.

(ii) Sochair iarfhóstaíochta

Plean ranníocaíochtaí sainithe

Feidhmíonn an Comhlacht plean ranníocaíochta sainithe dá cuid fostaithe. Is é atá i bplean ranníocaíochta sainithe ná plean pinsin faoina n-íocann an Comhlacht ranníocaíochtaí sainithe le haonán ar leithligh. Nuair atá na ranníocaíochtaí íochta níl aon oibleagáidí íocaíochta eile ar an gComhlacht. Aithnítear na ranníocaíochtaí mar speansas nuair atá siad dlite. Taispeántar méideanna nár íocadh i bhfabhrúithe sa Chlár Comhardaithe. Coimeádtar sócmhainní an phlean scartha ón gComhlacht i gcistí a riarar go neamhspleách.

Plean pinsin le sochair sainithe

Feidhmíonn an Comhlacht plean ranníocaíochta sainithe dá cuid fostaithe. Is é atá i bplean ranníocaíochta sainithe ná plean pinsin faoina n-íocann an Comhlacht ranníocaíochtaí sainithe le haonán ar leithligh. Nuair atá na ranníocaíochtaí íochta níl aon oibleagáidí íocaíochta eile ar an gComhlacht. Aithnítear na ranníocaíochtaí mar speansas nuair atá siad dlite. Taispeántar méideanna nár íocadh i bhfabhrúithe sa Chlár Comhardaithe. Coimeádtar sócmhainní an phlean scartha ón gComhlacht i gcistí a riarar go neamhspleách.

Déantar an oibleagáid sochair sainithe a ríomh agus úsáid á baint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Fostaíonn an Comhlacht achtúirí neamhspleácha gach bliain chun an oibleagáid a ríomh. Socraítear an luach reatha trí na hiocaíochtaí measta don todhchaí a lascaíniú agus úsáid á baint as

Beartais Chuntaíochta

(ar lean)

torthaí margaidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán atá ainmnithe in Euro agus a bhfuil téarmaí ag gabháil leo atá isteach is amach le tréimhse mheasta na n-íocaíochtaí sa todhcháil.

Déantar luach cóir an phlean a thomhas i gcomhréir leis an ordlathas luacha chóir faoi CTA 102 agus de réir bheartas an Chomhlachta do shócmhainní cosúil leis atá á coimeád aici. Maidir leis an gcuid is mó de shócmhainní plean is ionann é sin agus an praghas luaithe i margadh gníomhach. Áit nach bhfuil praghsanna luaithe ar fáil baintear úsáid as teicnící cuí um luacháil chun an luach cóir a mheas.

Tá costas an phlean sochair sainithe, atá aitheanta i mbrabús nó cailteanas mar chostais fostaí, ach amháin áit a bhfuil sé cuimsithe i gcostas sócmhainne, déanta suas mar seo a leanas:

- an méadú ar dhilteanas sochair phinsin ag eascairt ó sheirbhís an fhostaí le linn na tréimhse; agus
- an costas as tabhairt isteach an phlean, athruithe ar shochair, ciorrúcháin agus socraíochtaí.

Déantar an glanchostas úis a ríomh agus an ráta lascaine á chur i bhfeidhm ar ghlanmhéid an oibleagáid sochair sainithe agus luach cóir shócmhainní plean. Aithnítear an costas sin i mbrabús nó cailteanas mar 'costas airgeadais eile'.

Maidir le gnóthachain agus cailteanais achtúireacha ag eascairt ó choigeartuithe agus athruithe taithí ar bhoinn tuisceana achtúireacha cuirtear de mhúirear nó chun sochar loncaim Chuimsithigh Eile iad. Cuirtear na méideanna sin i dteannta leis an toradh ar shócmhainní plean, lúide méideanna curtha san áireamh i nglanús, i láthair mar 'atomhas ar ghlandilteanas sochair sainithe' in loncam Cuimsitheach Eile.

Cánachas

Cuimsítear sa chostas cánachais le haghaidh na tréimhse an cháin reatha agus an cháin iarchurtha arna n-aithint sa tréimhse tuairiscithe. Aithnítear cáin sa chuntas Brabúis agus Cailteanais, ach amháin sa mhéid is a bhaineann sí le míreanna aitheanta in loncam Cuimsitheach eile nó go díreach i

gcothromas. Sa chás sin, aithnítear an cháin freisin san ioncam cuimsitheach eile nó ar bhonn díreach sa chothromas faoi seach. Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná iarchurtha.

(i) Cáin reatha

Is ionann an cháin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníochta ar an mbrabús inchánach don bhliain nó do bhlianta roimhe sin. Déantar an cháin a thomhas ar bhonn rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na tréimhse. Déanann an lucht bainistíochta measúnú tréimhsiúil ar sheasaimh arna nglacadh i dtuaisceáin chánach i leith cásanna ina bhfuil an rialachán cánach is infheidhme faoi réir léirmhíneithe. Nuair is cuí, bunaíonn siad soláthair ar bhonn na méideanna a mheastar a iocfar leis na húdaráis chánach.

(ii) Cáin iarchurtha

Eascaíonn an cháin iarchurtha as na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir na brabúis inchánacha agus an t-ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaithe sna ráitis airgeadais. Eascaíonn na difríochtaí uainiúcháin sin ó chuimsiú ioncaim agus costas sna measúnachtaí cánach i dtréimhsí seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin go léir ag an dáta tuairiscithe faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear cailteanais chánach neamhfhaoisimh ná sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabús eile inchánach sa todhcháil.

Déantar an cháin iarchurtha a thomhas de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na tréimhse agus a mheastar a bheith infheidhme i leith aisiompú na difríochta uainiúcháin.

Míreanna eisceachtúla

I ráiteas ioncaim an Chomhlachta aithnítear míreanna eisceachtúla astu féin. Is é atá i míreanna eisceachtúla ná iad siúd nach mór, dar linn, iad a nochtadh astu féin mar gheall ar a méid, a nádúr nó minicíocht. Creideann an Comhlacht gur féidir anailís bhreise a dhéanamh nuair a dhéantar an saghas sin

cur i láthair mar go dtarraingítear aird ar mhíreanna eisceachtúla. I measc na míreanna sin tá gnóthachain ar dhiúscairt sócmhainní agus costais as athstruchtúrú gnó sa mhéid is go bhfuil siad suntasach.

Chuige sin úsáidtear fachtóirí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun 'míreanna eisceachtúla' a shocrú de réir mar a shainíonn muid féin iad. Úsáideann an Comhlacht breithiúnas chun na míreanna áirithe a mheas, atá nochtta i ráiteas ioncaim an Chomhlachta agus i nótaí bainteacha mar mhíreanna eisceachtúla, mar gheall ar a méid, a nádúr agus a minicíocht.

Athaicmiú

Rinneadh méideanna ábhartha áirithe ón mbliain roimhe a athaicmiú chun iad a ailíniú le cur i láthair na míreanna sin sa tréimhse reatha. Rinneadh bogearraí ríomhaire, agus luach carraireachta de €312,000 ag gabháil leis ar an 1 Eanáir 2015, a athaicmiú ó shócmhainní seasta láimhsithe go sócmhainní seasta neamhláimhsithe.

Ionstraimí airgeadais

Tá roghnaithe ag an gComhlacht Alt 11 agus 12 de CTA 102 a ghlacadh maidir le hionstraimí airgeadais..

(i) Sócmhainní airgeadais

Aithnítear sócmhainní bunúsacha airgeadais, lena n-áirítear trádáil agus infháiltais eile, airgead tirim agus iarmhéideanna bainc agus earlais gearrthéarmacha, aithnítear iad ó thús ar phraghas an idirbheart, ach amháin más idirbheart maoiniúcháin é an socrú, i gcás go dtomhaistear an t-idirbheart ar luach reatha na bhfáltais amach anseo agus lascainiú déanta air ar ráta ús margaidh.

Déantar a leithéid de shócmhainní a thabhairt ar aghaidh ina dhiaidh sin ar chostas amúchta, agus modh an úis ghlain á úsáid. Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déantar measúnú ar shócmhainní airgeadais a tomhaiseadh ar chostas amúchta le haghaidh fianaise oibiachtúil bearnúcháin. Má tá an tsócmhainn bearnaithe, is ionann an cailteanas bearnúcháin agus an difríocht idir an luach tugtha ar aghaidh agus luach reatha an sreabhadh measta airgid thirim a bhfuil lascainiú déanta orthu ar ráta bunaidh úis ghlain na sócmhainne. Aithnítear an cailteanas lagaithe mar bhrabús nó cailteanas.

Más amhlaidh, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaítear méid chaillteanas lagaithe agus gur féidir ceangal oibiachtúil a dhéanamh idir an laghdú agus imeacht a tharla tar éis gur aithníodh an lagú cealaítear an cailteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin. Bíonn an oiread freaschuir i gceist nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha reatha an méid a bheadh sa tsuim ghlanluacha mura mbeadh an bearnú aitheanta roimhe seo. Aithnítear an freaschur lagaithe mar bhrabús nó mar chaillteanas.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint nuair atá (a) na cearta conarthacha i leith an sreabhadh airgid ón tsócmhainn tar éis dul in éag nó socraithe, nó (b) nuair a aistrítear na rioscaí agus luaíochtaí go léir a bhaineann le húinéireacht an tsócmhainn airgeadais go substainteach go páirtí eile nó (c) nuair a aistrítear rialú an tsócmhainn airgeadais go páirtí eile a bhfuil sé de chumas praiticiúil aige/aici an tsócmhainn a dhíol go haontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a chur i bhfeidhm.

(ii) Dlíteanais airgeadais

Aithnítear sócmhainní bunúsacha airgeadais, lena n-áirítear trádáil, infháiltais eile agus iasachtaí bainc; aithnítear iad ó thús ar phraghas an idirbhirt, ach amháin más idirbheart maoiniúcháin é an socrú, i gcás go dtomhaistear an ionstraim féich ar luach reatha na bhfáltais amach anseo agus lascaí déanta air ar ráta ús margaidh le haghaidh ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar na dlíteanais sin a thabhairt ar aghaidh ina dhiaidh sin ar chostas amúchta, agus modh an ráta úis ghlain á úsáid.

Aithnítear táill a íoctar ar bhunú saoráid iasachtaí mar chostais idirbhirt na hiasachta sa mhéid is gur dócha go mbeidh cuid den tsaoráid nó i go léir tarraingthe anuas. Sa chás seo, tá an táille iarchurtha go dtí go dtarlóidh an tarraingt anuas. Déantar costais agus táill idirbhirt a amúchadh thar shaol na hiasachta.

Is oibleagáidí iad méideanna iníochta trádála íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte sa ghnáthchúrsa gnó ó sholáthraithe. Aicmítear cuntais iníochta mar dhlíteanais reatha má tá an íocaíocht dlite taobh istigh de bhliain

amháin nó níos lú. Mura bhfuil, léirítear iad mar dhlíteanais neamhreacha. Aithnítear méideanna iníochta trádála ar dtús ar phraghas idirbhirt agus tomhaistear iad ina dhiaidh sin ar chostas amúchta trí mhodh an úis ghlain.

Déantar dlíteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a chuirtear deireadh leis an dlíteanas, is é sin, nuair a dhíscailítear an oibleagáid chonarthach, nuair a chuirtear ar ceal í nó nuair a théann sí in éag.

(iii) Díorthaigh

Ní ionstraimí airgeadais bunúsacha iad díorthaigh, agus malairtí ráta úis agus réamhchonartháí i malairt eachtrach san áireamh.

Aithnítear díorthaigh ar dtús ag luach cóir ar an dáta a dtéitear isteach i gconradh díorthaigh agus ina dhiaidh sin déantar iad a atomhas ag a luach cóir. Aithnítear athruithe ar luach cóir díorthach i mbrabús nó cailteanas i gcostais airgeadais nó ioncain mar is cuí. Ní chuireann an Comhlacht cuntaisíocht fáilithe i bhfeidhm faoi láthair i gcás dhíorthaigh ráta úis nó malairte eachtraí.

(iv) Fritháireamh

Déantar sócmhainní agus dlíteanais airgeadais a fhritháireamh in éineacht leis na glanméideanna atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais nuair atá ceart in-fheidhmithe ann na méideanna aitheanta a fhritháireamh agus go bhfuil intinn ann socrú a dhéanamh ar ghlanbhunús nó an tsócmhainn a réadú agus socrú dlíteanais a dhéanamh ag an am céanna.

Soláthairtí agus teagmhais

Is é atá i soláthairtí ná dlíteanais nach bhfuil am ná méid cinnte ag gabháil leo.

Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an gcomhlacht de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo, is dóchúil go mbeidh aistriú tairbhí eacnamaíocha ag teastáil chun an oibleagáid a shocrú agus is féidir méid na hoibleagáide a mheas go hiontaoifa. Déantar soláthairtí a thomhas ag luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid a theastaíonn chun an oibleagáid a shocrú agus úsáid á baint as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh

ar luach ama an airgid agus na rioscaí atá sonracha don dlíteanas. Déantar soláthairtí a athbhreithniú ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar coigeartú orthu chun go léireofaí an meastachán reatha is fearr ar an méid a theastaíonn chun an oibleagáid a shocrú. Aithnítear leachtú na lascaí mar chostas airgeadais i mbrabús nó cailteanas, agus é curtha i láthair mar chuid de 'ús iníochta agus muirir chosúla' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé chun cinn.

Nuair atá roinnt oibleagáidí comhchosúla ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh gá le heis-sreabhadh mar shocrú, cinntear é trí aicme na n-oibleagáidí a bhreithniú ina hiomláine.

I gcás na ndlíteanais teagmhaisach a eascraíonn de thoradh nithe a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhlíteanas iad mar ní dócha go mbeidh ar an gcomhlacht tairbhí eacnamaíocha a aistriú chun an oibleagáid a shocrú nó nach mbeifear in ann an méid a thomhas go hiontaoifa ag deireadh na bliana. Aithnítear oibleagáidí féideartha ach éiginnte mar dhlíteanais ach is dlíteanais teagmhaisach iad. Nochtar dlíteanais theagmhaisach sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhaisach. Nochtar sócmhainní teagmhaisach sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh tairbhí eacnamaíocha.

Dáileadh ar shealbhóirí gnáthscaireanna

Aithnítear díbhinní agus dáileadh eile ar scairshealbhóirí an Chomhlachta mar dhlíteanas sna ráitis airgeadais le linn na tréimhse ina bhfaomhann scairsealbhóirí an Chomhlachta díbhinní agus dáileadh eile. Aithnítear na méideanna sin sa ráiteas mar athruithe ar chothromas. Aithnítear díbhinní eatarbhach nuair a íoctar iad.

Scairchaipiteal

Aicmítear gnáthscaireanna mar chothromas agus aithnítear iad ag na fáiltais a arna bhfáil. Maidir le costais incriminteacha atá inchurtha go díreach i leith cheist na ngnáthscaireanna nó na roghanna nua taispeántar i gcothromas iad mar dhéaduchtú, glan ó cháin, ó na fáiltais.

Cuntas Brabúis agus Cailteanais

Le haghaidh na Bliana Airgeadais dar Chrioch an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|--|-------|---------------|---------------|
| Láimhdeachas | 5 | 81,633 | 77,674 |
| Costas díolachán | | (25,907) | (23,321) |
| Brabús Comhlán | | 55,726 | 54,353 |
| Speansais riaracháin | | (10,691) | (13,246) |
| Ioncam oibriúcháin eile | 6 | 519 | 1,834 |
| Brabús Oibriúcháin | 9 | 45,554 | 42,941 |
| Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil | 8 | 414 | 207 |
| Ús infhaighte agus muirir chomhchosúla | 8 | (886) | (1,224) |
| Glanspeansas Úis | | (472) | (1,017) |
| Brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí roimh Chánachas | | 45,082 | 41,924 |
| Cáin ar bhrabús gnáthghníomhaíochtaí | 11 | (6,042) | (5,552) |
| Brabús don Bhliain Airgeadais | | 39,040 | 36,372 |

Ba ó ghníomhaíochtaí leantacha amháin a d'eascair Láimhdeachas agus Brabús Oibriúcháin.

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Le haghaidh na Bliana Airgeadais dar Chrioch an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|-------|----------------|---------------|
| Brabús don Bhliain Airgeadais | | 39,040 | 36,372 |
| (Cailteanas)/gnóthachan atomhais aitheanta ar oibleagáidí sochair sainithe | 31 | (7,965) | 19,347 |
| Cáin iarchurtha bainteach le cailteanas/(gnóthachan) atomhais ar oibleagáidí sochair sainithe | 11 | 995 | (2,418) |
| Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain airgeadais, glan ó cháin | | (6,970) | 16,929 |
| Iomlán an Ioncaim Chuimsithigh don bhliain airgeadais | | 32,070 | 53,301 |

Clár Comhardaithe

Amhail ag 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 Athluaite |
|---|-------|-----------------|----------------------------|
| Sócmhainní seasta | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 12 | 329,491 | 294,394 |
| Sócmhainní inláimhsithe | 13 | 536 | 316 |
| | | 330,027 | 294,710 |
| Sócmhainní reatha | | | |
| Talamh forbartha | 14 | 1,246 | 1,246 |
| Fardail | 15 | 520 | 508 |
| Féichiúnaithe agus réamhiocaíochtaí | 16 | 17,166 | 13,798 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 37,986 | 5,882 |
| Airgead Srianta | 17 | 14,125 | - |
| Infheistíochtaí (lenar áiríodh €12,254,000 (2015: €13,248,000) dlite tar éis níos mó ná aon bhliain amháin) | 18 | 12,254 | 77,440 |
| | | 83,297 | 98,874 |
| Creidiúnaithe – Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin | 19 | (43,943) | (9,638) |
| Glansócmhainní reatha | | 39,354 | 89,236 |
| Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha | | 369,381 | 383,946 |
| Creidiúnaithe – Méideanna dlite i ndiaidh aon bhliain amháin | 20 | (11,136) | (46,718) |
| Soláthairtí i gcoinne dliteanas | | | |
| Soláthar i gcomhar oibleagáid sochar iarfhostaíochta | 31 | (1,161) | (1,784) |
| Soláthairtí eile i gcoinne dliteanas | 23 | (7,436) | (6,954) |
| Glansócmhainní | | 349,648 | 328,490 |
| Caipiteal agus cúlchistí | | | |
| Scairchaipiteal tarraingthe anuas agus é léirithe mar chothromas | 24 | 14,464 | 14,464 |
| Cúlchiste um thiontú caipitil | 24 | 119 | 119 |
| Cuntas Brabúis agus cailteanais | 24 | 334,347 | 313,189 |
| Ranníocaíocht chaipitiúil | 24 | 718 | 718 |
| Iomlán an chothromais | | 349,648 | 328,490 |

Rinneadh na ráitis airgeadais ar leathanach 35 go 65 a údarú ag an mBord Stiúrtóirí le heisiúint ar an 31 Márta 2017 agus síníodh thar a cheann iad.

Thar ceann an Bhoird

Lucy McCaffrey
Eamonn O'Reilly

31 Márta 2017

Ráiteas ar Athruithe Iomlán na Ghnáthscaireanna

Le haghaidh na Bliana Airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2016

| | Nóta | Scairchaipiteal glaite €'000 | Cúlchiste um thiontú caipitil €'000 | Ranníocaíocht chaipitiúil €'000 | Cuntas brabúis agus caillteanais €'000 | Iomlán €'000 |
|--|-----------|------------------------------------|--|---------------------------------------|---|-----------------|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2015 | 24 | 14,464 | 119 | 718 | 268,688 | 283,989 |
| Brabús na bliana | | - | - | - | 36,372 | 36,372 |
| Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain | | - | - | - | 16,929 | 16,929 |
| Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain | | - | - | - | 53,301 | 53,301 |
| Dibhinní | 10 | - | - | - | (8,800) | (8,800) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2015 | 24 | 14,464 | 119 | 718 | 313,189 | 328,490 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2016 | 24 | 14,464 | 119 | 718 | 313,189 | 328,490 |
| Brabús na bliana | | - | - | - | 39,040 | 39,040 |
| Ioncam Cuimsitheach Eile | | - | - | - | (6,970) | (6,970) |
| Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain | | - | - | - | 32,070 | 32,070 |
| Dibhinní | 10 | - | - | - | (10,912) | (10,912) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2016 | 24 | 14,464 | 119 | 718 | 334,347 | 349,648 |

Ráiteas ar shreabhadh airgid

Le haghaidh na bliana Airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|-------|-----------------|-----------------|
| Glanmhéid airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 25 | 43,179 | 46,409 |
| Cáin íoctha | | (4,539) | (3,837) |
| Glanairgead ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 38,640 | 42,572 |
| Sreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | | | |
| Ceannach sócmhainní inláimhsithe | | (45,013) | (15,924) |
| Deontais a fuarthas | | 55 | 1,127 |
| Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | | 304 | 47 |
| Airgead Srianta | 17 | (14,125) | - |
| Ús faighte | | 39 | 242 |
| Gluaiseacht infheistíochtaí gearrthéarmacha | 18 | 35,115 | (17,962) |
| Glanmhéid airgid thirim úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta | | (23,625) | (32,470) |
| Sreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin | | | |
| Díbhinní | 10 | (10,912) | (8,800) |
| Ús infhaighte agus muirir chomhchosúla | | (1,076) | (1,077) |
| Glanmhéid airgid thirim úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta | | (11,988) | (9,877) |
| Glanhéadú ar airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | 3,027 | 225 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana | | 34,959 | 34,734 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana | | 37,986 | 34,959 |
| Tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim déanta suas de: | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 37,986 | 5,882 |
| Infheistíochtaí gearrthéarmacha (curtha san áireamh in infheistíochtaí sócmhainní reatha) | | - | 29,077 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 37,986 | 34,959 |

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. Faisnéis ghinearálta

Is soláthraí bonneagair go príomha é Calafort Bhaile Átha Cliath sa mhéid is go bhfaigheann sé táillí as úsáid calafoirt a cheadú agus seirbhísí eile a chur ar fáil. I measc na dtáillí sin tá dleachtanna calafoirt, dleachtanna árthaí agus seirbhísí eile arna cur ar fáil ar nós tarraingthe agus piolótaíochta.

Tá an Comhlacht corpraithe i bPoblacht na hÉireann agus tá sainchónaí air inti. Is é seoladh a oifige cláraithe ná Ionad an Chalafoirt, Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath 1.

2. Ráiteas géilliúntais

Ullmháiodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaiochta a bhfuil glacadh ginearálta leis in Éirinn (arna eisiúint ag an Financial Reporting Council sa RA agus arna cur i bhfeidhm ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus Acht na gCuideachtaí 2014). Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" ("CTA 102"), agus Acht na gCuideachtaí, 2014.

3. Breithiúnais chriticiúla agus meastacháin arna ndéanamh agus beartais chuntasaíochta an Chomhlachta á gcur i bhfeidhm.

Déantar measúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais agus bíonn siad bunaithe ar thairbhí stairiúil agus tosca eile, lena n-áirítear imeachtaí sa todhchaí a bhfuiltear ag súil leo, a mheastar a bheith réasúnta sa chás áirithe sin.

Déanann an Comhlacht meastacháin agus glacann le boinn tuisceana maidir leis an todhchaí. Is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta a thagann chun cinn, faoi mar a thuigfí, comhionann leis na torthaí iarbhir gaolmhara. Pléitear thíos leis na meastacháin agus boinn tuisceana áit a bhfuil baol mór i gceist go mbeidh siad freagrach as coigeartú ábhartha ar mhéideanna carraireachta sócmhainní agus dliteanas laistigh de bhliain airgeadais dar gcionn:

(i) Saol úsáideach eacnamaíoch na sócmhainní inlámhsithe seasta

Is féidir leis an muirear dímhéasa bliantúil le haghaidh sócmhainní inlámhsithe athrú de réir athruithe ar shaol eacnamaíoch úsáideach measta agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar saol eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain agus a leasú más gá. Féach nóta 12 le haghaidh méid carraireachta sócmhainní inlámhsithe an Chomhlachta agus na Beartais Chuntasaíochta le haghaidh an tsaol eacnamaíoch úsáidigh i gcás gach aicme sócmhainne.

(ii) Scéim pinsin le sochair sainithe

Tá sé mar oibleagáid ar an gComhlacht sochair phinsin le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar sin agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt fachtóirí, a bhfuil ina measc; ionchas saoil, méaduithe ar thuarastail, luachálacha sócmhainne agus an ráta lascaine ar bhannaí corparáideacha. Déanann an lucht bainistíochta na fachtóirí sin a mheas chun an ghlanoibleagáid pinsin sa Chlár Comhardaithe a mheas. Léiríonn na boinn tuisceana taithí san am atá thart agus treocheartaí reatha. Féach nóta 31 le haghaidh na nochtuithe maidir leis an scéim pinsin le sochair sainithe.

4. Sócmhainní agus dliteanais arna bhfáil ar an Lá Dílsithe

Faoi fhorálacha an Acht Cuanta, 1996, chuaigh an Comhlacht i mbun na bhfeidhmeanna a bhíodh á gcomhlíonadh ag Bord Port agus Duganna Bhaile Átha Cliath ar an 3 Márta 1997 ("An Lá Dílsithe").

Ansin shocraigh an tAire Cumarsáidí, Mara agus Acmhainní Nádúrtha mar a bhí ann ag an am, an costas don Chomhlacht as sócmhainní arna bhfáil ar an Lá Dílsithe. Tógadh ar láimh dliteanais (pinsin agus deontais chaipitil) ag a méideanna iarbhir nó socráithe. Áirítear le dliteanais phinsin (féach nóta 31) iad siúd i dtaobh theidliochtaí pinsin roimh an Lá Dílsithe de chuid fhostaithe an Chomhlachta agus pinsinéirí reatha agus iarchurtha an aonáin a bhí ann roimhe, Bord Poirt agus Duganna Bhaile Átha Cliath.

Aistríodh sócmhainní agus feidhmeanna an Choiste Píolótaíochta a bunaíodh faoin Acht Píolótaíochta 1913, trí oibriú an dlí chuig Comhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath i mí Iúil 1997, faoin Acht Cuanta, 1996 Ordú (Thosach Feidhme) (Uimh. 3) 1997.

Sásaiodh an chomaoin le haghaidh na nglansócmhainní arna n-aistriú chuig an gComhlacht ag cruthú agus eisiúint 6.023 milliún gnáthscair de R£1 (€1.27) agus gach ceann íochta go hiomlán. Tá aon ghnáthscair amháin i seilbh an Aire Airgeadais agus tá an chuid eile díobh i seilbh an Aire Airgeadais ar an 31 Nollaig 2016.

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

5. Láimhdeachas

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|--|---------------|---------------|
| De réir aicme gnó (iad go léir laistigh de Phoblacht na hÉireann) | | |
| Dleachtanna calafoirt | 67,585 | 62,407 |
| Cíosanna | 13,122 | 12,915 |
| An Nascbhóthar Thiar (féach nóta 7) | - | 1,386 |
| Ceadúnais | 534 | 558 |
| Eile | 392 | 408 |
| | 81,633 | 77,674 |

6. Ioncam Oibriúcháin Eile

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|--|---------------|---------------|
| Athluacháil mhaoin infheistíochta | 350 | 800 |
| Ioncam deontais | - | 1,034 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 169 | - |
| | 519 | 1,834 |

7. An Nascbhóthar Thiar

Faoi chomhaontuithe dátaithe an 16 Márta 1983 agus an 24 Samhain 1983, agus an dara ceann á bhreithniú le haghaidh chailiteanas beartlainne teoranta agus diúscairt tailte áirithe, tugadh an ceart don Bhord páirt a bheith acu i mbrabúis an Scéim Dola ina dhiaidh sin ar feadh tréimhse 25 bliana ón dáta ar a scaoileadh sa deireadh na costais tógála nó go dtí an 31 Nollaig 2015, cibé acu ba luaithe. Ba é an dáta cuí, mar sin, ná an 31 Nollaig 2015, agus ba ansin a tháinig deireadh leis an socrú sin.

8. Glanspeansas Úis

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---------------|----------------|
| (a) Ús infhaighte agus muirir chomhchosúla: | | |
| Ús ar iasachtaí aisíníochta go hiomlán laistigh de chúig bliana | (1,129) | (1,129) |
| Glanchoistais airgeadais -scéimeanna pinsin (féach nóta 31) | (184) | (184) |
| Dlíteanas airgeadais diorthaigh (féach nóta 27) | 89 | 89 |
| | (886) | (1,224) |
| (b) Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil | | |
| Ús infhaighte | 39 | 207 |
| Glanioncam airgeadais -scéimeanna pinsin (féach nóta 31) | 375 | - |
| | 414 | 207 |
| (c) Glanspeansas úis | (472) | (1,017) |

9. Brabús Oibriúcháin

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|--|---------------|---------------|
| Thángthas ar an bhfigiúr don Bhrabús Oibriúcháin tar éis an méid seo a leanas a mhúirearú/ (a chur chun sochair): | | |
| Dímheas (féach nóta 12) | 9,004 | 7,609 |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe (féach nóta 13) | 78 | 45 |
| Íocaíochtaí iomarcaíochta | 365 | - |
| Amúchadh deontas caipitil (féach nóta 22) | (475) | (489) |
| Barrachas ar athluacháil maoine infheistíochta | (350) | (800) |
| (Cailteanas)/gnóthachan lagaithe ar mhéideanna trádála infhála | (14) | 121 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe (féach nóta 6) | (169) | - |

Luach saothair na nIníúcháirí

Seo a leanas an luach saothair (agus speansais san áireamh) as an iniúchadh reachtúil agus seirbhísí eile arna gcur ar fáil ag iniúcháirí an Chomhlachta:

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|--|---------------|---------------|
| Iniúchadh ar ráitis airgeadais an aonáin | 46 | 46 |
| Seirbhísí dearbhaithe eile | 62 | 39 |
| Seirbhísí neamh-iniúctha eile | - | 23 |
| Seirbhísí comhairleacha cánach | 66 | 39 |
| | 174 | 147 |

10. Díbhinn Íoctha

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---------------|---------------|
| Díbhinn eatramhach íoctha de €0.943 in aghaidh na scaire (2015: €0.76 in aghaidh na scaire) | (10,912) | (8,800) |

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

11. Cánachas

(a) Speansas cánach curtha san áireamh i mBrabús agus Cailiteanas

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|--|----------------|----------------|
| Cáin reatha: | | |
| Bunaithe ar bhrabúis ghníomhaíocht calafoirt le haghaidh na bliana: | | |
| Cáin Chorparáide ag ráta éifeachtach de 12.5% (2015: 12.5%) | (4,103) | (3,864) |
| Bunaithe ar bhrabúis ghníomhaíocht nach gníomhaíocht Calafóirt í | | |
| Cáin Chorparáide ag ráta éifeachtach de 25% (2015: 25%) | (462) | (426) |
| | (4,565) | (4,290) |
| Coigeartuithe i dtaobh tréimhsí roimhe | 1 | 8 |
| Iomlán na cánach reatha | (4,564) | (4,282) |
| Cáin iarchurtha: | | |
| Difríochtaí trátha idir ranníocaíochtaí pinsin arna n-íoc agus pinsin arna muirearú | (949) | (593) |
| Difríochtaí ama maidir le Liúntais Chaipitil luasaithe | (510) | (681) |
| Bunús agus cealú dhifríochtaí trátha eile | (35) | (3) |
| Ró-sholáthar sa bhliain roimhe | 16 | 7 |
| Iomlán na cánach iarchurtha | (1,478) | (1,270) |
| Iomlán an mhuirir chánach | (6,042) | (5,552) |
| (b) Ioncam/(speansas) cánach curtha san áireamh in Ioncam Cuimsitheach eile | | |
| Cáin iarchurtha | | |
| Cáin iarchurtha bainteach le cailiteanas/(gnóthachan) atomhais ar phinsin sochair sainithe | 995 | (2,418) |
| Ioncam/(speansas) cánach curtha san áireamh in Ioncam Cuimsitheach eile | 995 | (2,418) |

11. Cánachas (ar lean)

(c) Imréiteach muirir chánach

Tá an muirear iomlán as Cáin Chorpáraide le haghaidh na bliana airgeadais níos airde (2015: níos airde) ná an muirear cánach iomlán a thiocfadh chun cinn mar thoradh ar ráta caighdeánach Cháin Chorpáraide na hÉireann a chur i bhfeidhm ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí. Minitear na difríochtaí thíos:

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|----------------|----------------|
| Brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí roimh Cháin | 45,082 | 41,924 |
| Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí agus é iolraithe faoi mheánráta | | |
| Cáin Chorpáraide na hÉireann don bhliain de 12.5% (2015: 12.5%) | (5,635) | (5,240) |
| Éifeachtaí: | | |
| Speansais dícheadaithe | (258) | (214) |
| Ioncam neamh-inchánach | 65 | 100 |
| Ioncam éighníomhach dlíthe do cháin ag 25% | (231) | (213) |
| Coigeartú ar an muirear cánach i dtaobh na bliana roimhe | 17 | 15 |
| Muirear cánach iomlán don tréimhse | (6,042) | (5,552) |

12. Sócmhainní Inláimhsithe

| | Tailte agus Foirgnimh | Críochfoirt | Struchtúir Duga, Dugaí Tirime agus Céanna | Árthaí Snámha | Craenacha | Gléasra agus Innealra Athluaite | Maoin Infheistíochta | CIP | Iomlán Athluaite |
|-------------------------------------|--------------------------|----------------|--|------------------|--------------|--|-------------------------|---------------|---------------------|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Costas nó luacháil | | | | | | | | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2015 | 77,483 | 210,401 | 64,171 | 16,417 | 3,800 | 24,308 | 5,150 | 11,360 | 413,090 |
| Breiseanna i rith na bliana | 712 | 70 | 995 | 6 | - | 1,339 | - | 13,782 | 16,904 |
| Athluacháil Mhaoin Infheistíochta | - | - | - | - | - | - | 800 | - | 800 |
| Aistriú ó CIP | - | - | 10,807 | - | - | - | - | (10,807) | - |
| Ar 31 Nollaig 2015 | 78,195 | 210,471 | 75,973 | 16,423 | 3,800 | 25,647 | 5,950 | 14,335 | 430,794 |
| Dímheas Carntha | | | | | | | | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2015 | 12,736 | 75,249 | 22,071 | 2,962 | 3,791 | 11,981 | - | - | 128,790 |
| Muirear don bhliain | 1,412 | 2,992 | 1,328 | 546 | 3 | 1,328 | - | - | 7,609 |
| Ar 31 Nollaig 2015 | 14,148 | 78,242 | 23,399 | 3,508 | 3,794 | 13,309 | - | - | 136,399 |
| Glanluach de réir na Leabhar | | | | | | | | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2015 | 64,747 | 135,152 | 42,102 | 13,455 | 9 | 12,327 | 5,150 | 11,360 | 284,300 |
| Ar 31 Nollaig 2015 | 64,047 | 132,229 | 52,574 | 12,915 | 6 | 12,338 | 5,950 | 14,335 | 294,394 |

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

12. Sócmhainní Inláimhsithe (ar lean)

| | Tailte agus Foirgnimh €'000 | Críochfoirt €'000 | Struchtúir Duga, Dugaí Tirime agus Céanna €'000 | Árthaí Snámha €'000 | Craenacha €'000 | Gléasra agus Innealra €'000 | Maoin Infheistíochta €'000 | CIP €'000 | Iomlán €'000 |
|-------------------------------------|-----------------------------------|----------------------|---|---------------------------|--------------------|--------------------------------------|----------------------------------|---------------|-----------------|
| Costas nó luacháil | | | | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2016 | 78,195 | 210,471 | 75,973 | 16,423 | 3,800 | 25,647 | 5,950 | 14,335 | 430,794 |
| Athaicmithe | 10 | - | 5 | - | - | 2 | - | (17) | - |
| Breiseanna i rith na bliana | 26,583 | 306 | 2,340 | 12 | - | 354 | - | 14,284 | 43,879 |
| Athluacháil Mhaoin Infheistíochta | - | - | - | - | - | - | 350 | - | 350 |
| Díúscairtí | (150) | - | - | (3) | - | - | - | - | (153) |
| Aistriú ó CIP | 8,179 | - | 2,996 | - | - | 23 | - | (11,198) | - |
| Ar 31 Nollaig 2016 | 112,817 | 210,777 | 81,314 | 16,432 | 3,800 | 26,026 | 6,300 | 17,404 | 474,870 |
| Dímheas Carntha | | | | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2016 | 14,148 | 78,242 | 23,399 | 3,508 | 3,794 | 13,309 | - | - | 136,399 |
| Athaicmithe | - | 1 | - | (2) | - | 1 | - | - | - |
| Muirear don bhliain | 1,751 | 2,972 | 2,424 | 546 | 3 | 1,308 | - | - | 9,004 |
| Díúscairtí | (15) | - | - | (3) | - | - | - | - | (18) |
| Discríobh | - | - | - | - | - | (7) | - | - | (7) |
| Ar 31 Nollaig 2016 | 15,884 | 81,215 | 25,823 | 4,049 | 3,797 | 14,611 | - | - | 145,378 |
| Glanluach de réir na Leabhar | | | | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2016 | 64,047 | 132,229 | 52,574 | 12,915 | 6 | 12,338 | 5,950 | 14,335 | 294,394 |
| Ar 31 Nollaig 2016 | 96,933 | 129,562 | 55,491 | 12,383 | 3 | 11,415 | 6,300 | 17,404 | 329,491 |

Ba é an tAire Cumarsáidí, Mara agus Acmhainní Nádúrtha mar a bhí ann ag an am a shocraigh an costas don Chomhlacht as sócmhainní arna bhfáil ar an Lá Dilisithe, 3 Márta 1997, faoin Acht Cuanta, 1996 mar chomaoin do scaireanna arna n-eisiúint.

I 2016 aithníodh brabús €169,000 ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe (féach nóta 6). Ní dhearnadh aon sócmhainní seasta inláimhsithe a dhiúscairt i 2015.

